# ETB Dhún na nGall

## A Tuarascáil Bhliantúil 2022





etb
Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*

# Clár


Ár bhFís L5

Ár Ráiteas Misin L5

Ár gCuid Luachanna L6

Brollach, Cathaoirleach ETB Dhún na nGall, An Comhairleoir Barry Sweeny L8

Réamhrá, Príomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall, Anne McHugh L10





**01. Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall** L12
- 1.1 Feidhmeanna an Bhoird
- 1.2 Freagrachtaí an Bhoird
- 1.3 Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2022
- 1.4 Comhdhéanamh an Bhoird
- 1.5 Taifead Tinrimh Chruinnithe Bhaill an Bhoird 2022

**02. Coistí** L18
- 2.1 An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
- 2.2 An Coiste Airgeadais
- 2.3 An Coiste um Obair Ógra

**03. Bainistiú Riosca** L22
- 3.1 Córais rialaithe inmheánaigh
- 3.2 Polasaí agus nósanna imeachta soláthair
- 3.3 Cánachas
- 3.4 Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

**04. An obair a dhéanann muid, An áit a bhfuil muid** L28
- 4.1 Scoileanna agus Ceol
- 4.2 Ionaid FET

**05 Tionchar a imirt - líon na mac léinn** L34

**06. An fhoghlaim a athrú ó bhonn - saol na ndaoine a athrú** L38
- 6.1 Príomhthéama 1 - Teagasc agus Foghlaim
- 6.2 Príomhthéama 2 - Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach
- 6.3 Príomhthéama 3 – Ag Oibriú le Comhpháirtithe

Giorrúcháin L104




Ár Ráiteas Misin

**Ar bhFís**

--

ETB Dhún na nGall - an fhoghlaim a athrú, saol na ndaoine a athrú

Faoi 2026, beidh feabhas curtha againn ar dheiseanna saoil na ndaoine i nDún na nGall, trí chuidiú leo rath a bhaint amach san oideachas agus san oiliúint.

**Ár Ráiteas Misin**

Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna oideachais agus oiliúna ar fáil a chuidíonn le daltaí barr a gcumais a bhaint amach agus cur le saol sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíoch a bpobal.

## Ár gCuid Luachanna

--

Is eagraíocht foghlama muid. Cuireann muid mic léinn i gcroílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanann muid chun freastal ar leas ár mac léinn bunaithe ar ár gcroíluachanna: barr feabhais, comhionannas, cúram, pobal agus meas.



ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022
Ár Ráiteas Misin

### Sármhaitheas:

--

Déanann muid ár ndícheall barr feabhais a bhaint amach i ngach gné dár gcuid oibre. Tá muid tiomanta do na caighdeáin cháilíochta is airde teagaisc, foghlama agus measúnaithe a bhaint amach inár gcláir go léir. Is mór againn nuálaíocht agus déanann muid iarracht feabhas leanúnach a bhaint amach, ag tacú lenár bhfoireann dul i mbun deiseanna forbartha gairmiúla.

### Comhionannas:

--

Déanann muid ár ndícheall a chinntiú go dtugtar an deis chéanna do gach mac léinn páirt a ghlacadh inár gcláir oideachais agus oiliúna atá bunaithe ar mheas ar chearta an duine agus ar éagsúlacht. Cuimsíonn ár bpobail foghlama agus oibre cine, inscne, reiligiún nó creideamh, aois, stádas teaghlaigh, stádas sibhialta, ballraíocht den Lucht Siúil, claonadh gnéasach, cumas agus stádas socheacnamaíoch. Mar fhostóir, is mór againn an éagsúlacht, agus tá sé mar aidhm againn a bheith cuimsitheach go hiomlán inár bhfoirne.

### Cúram:

--

Tugann muid aire d'fholláine ár gcuid mac léinn agus ár bhfoirne trí thimpeallachtaí sábháilte agus fáiltiúla a chruthú don fhoghlaim agus don obair. Tá cultúr againn a aithníonn agus a cheiliúrann éachtaí na mac léinn agus na foirne. Ag an am céanna, tacaíonn muid le daoine a bhfuil dúshláin acu ina saol.

### Pobal:

--

Cuimsíonn pobal ETB Dhún na nGall ár bhfoireann, ár mic léinn agus ár gcomhpháirtithe, ag obair le chéile chun ár gcomhspriocanna a bhaint amach. Tá dlúthbhaint againn le pobail ar fud Dhún na nGall. Is mór againn na comhpháirtíochtaí atá forbartha againn le grúpaí agus eagraíochtaí eile chun sochair shóisialta, chultúrtha agus eacnamaíocha a thabhairt don chontae.

### Meas:

--

Léiríonn muid meas ar achan duine. Tá ár gcaidreamh le mic léinn, le baill foirne agus le pobail bunaithe ar oscailteacht agus ar mhuinín. Tá meas againn ar na dlíthe agus na rialacha a rialaíonn gach gné dár gcuid oibre: oibríonn muid laistigh de chultúr cuntasachta, cothroime, macántachta agus cuimsitheachta.

# Brollach

Cathaoirleach ETB Dhún na nGall,
An Comhairleoir Barry Sweeny

## A chara

Ba mhór an onóir dom a bheith mar Chathaoirleach ar Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall in 2022

**Beidh cuimhne againn ar 2022 mar bhliain ar leith; is cinnte go raibh muid thuas seal, thíos seal. Tháinig deireadh le srianta COVID-19 dár bpobail scoile agus cuireadh lenár gcuid muiníne arís de réir mar a tháinig an gnáthshaol ar ais arís ar fud Dhún na nGall. Ní mór foireann agus bainistíocht ár scoileanna a mholadh as a n-iarracht bhreise chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le hoiriúnú do "bhealaí nua" le linn na laethanta is measa den phaindéim, agus beidh na bealaí agus na modhanna teagaisc úra sin úsáideach do mhodhanna foghlama amach anseo.**



De réir mar a tháinig dúshlán domhanda amháin chun cinn, thosaigh ceann eile go tobann le hionradh na hÚcráine. I measc na n-iarmhairtí ollmhóra, tháinig na mílte náisiúnach de chuid na hÚcráine go Dún na nGall, aois scoile ag cuid mhaith acu. Thug ETB Dhún na nGall aghaidh ar an dúshlán maidir leo siúd atá ag lorg tearmainn a éascú agus soláthar a dhéanamh dá n-oideachas ar feadh tréimhse neamhshonraithe. Tá ról lárnach ag ETB Dhún na nGall i gcónaí leis an Fhoireann Réigiúnach Oideachais agus Teanga (REALT) ag tógáil ar struchtúir tacaíochta oideachais atá sa chontae cheana féin, le fócas ar thacú le riachtanais oideachais leanaí ón Úcráin a thagann go Co. Dhún na nGall agus cuidiú le teaghlaigh áit scoile a fháil.

Forbairt an-dearfach agus stairiúil ba ea bunú foirmiúil Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh (OTA) ar an 1 Aibreán. Leanfaidh dlúthchaidreamh oibre ETB Dhún na nGall leis OTA mar aon le hOllscoil Uladh, Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt (NWRC) agus Coláiste Réigiúnach an Iardheiscirt le torthaí a bhaint amach, ag comhoibriú agus ag athrú an tsoláthair oideachais i réigiún an iarthuaiscirt.

Tharraing na himeachtaí tragóideacha a tharla ar an Chraoslach ar an 7 Deireadh Fómhair 2022 scamall dorcha ar an réigiún agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór ar phobal scoile de chuid an ETB mar atá: Coláiste na Maoile Ruaidhe, Baile na nGallóglach; cailleadh idir dhaltaí agus tuismitheoirí. D'éirigh leis an Choláiste agus leis an phobal i gcoitinne aghaidh a thabhairt ar an tubaiste ar bhealach éifeachtach ag an am agus tá an obair speisialta sin fós ar siúl. In ainneoin chora crua an tsaoil, tá an fhoghlaim ó chaillteanas, ó roinnt, ó chuidiú lena chéile, tar éis neart agus teacht aniar úr a thabhairt do phobal an Chraoslaigh agus i bhfad níos faide i gcéin. Suaimhneas síoraí dá n-anamacha agus tá súil agam go n-éireoidh an pobal níos láidre.

Bhí áthas orm freastal ar roinnt imeachtaí go pearsanta i rith na bliana, lena n-áirítear an ócáid scoir foirne nár tharla le dhá bhliain mar gheall ar phaindéim COVID-19. Bhain mé an-taitneamh as cuairt a thabhairt ar chúrsa oiliúna na Fíodóireachta i mBaile Mún, Cill Charthaigh leis an obair iontach atá ar siúl ansin leis an scil ceirde oidhreachta sin a athbheochan. D'oibir muid go crua le páirtithe leasmhara éagsúla maidir leis an Scoil Tuíodóireachta i bPort Nua agus tá súil againn go mbeidh ról tábhachtach ag ETB Dhún na nGall sa tionscadal sin amach anseo. Bhí áthas orm fosta freastal ar Chomhdháil bhliantúil BOOÉ ar an Tulach, Co. Cheatharlach áit a raibh an bhéim ar Chomhionannas, Ionchuimsiú agus Éagsúlacht san Oideachas.

Ba mhaith liom mo bhuíochas ó chroí a ghabháil lenár bPríomhfheidhmeannach, Anne McHugh, mar aon leis an fhoireann ardbhainistíochta, leis an tacaíocht riaracháin, agus le Comhaltaí Boird eile as a gcuidiú agus a dtacaíocht dom mar Chathaoirleach i rith na bliana agus ba mhaith liom gach rath a ghuí ar an Chathaoirleach úr don bhliain atá romhainn.

**Go raibh míle maith agaibh uilig.**
An Comhairleoir Barry Sweeny, Cathaoirleach



# Réamhrá

Príomhfheidhmeannach
ETB Dhún na nGall, Anne McHugh

## Cuireadh tús dearfach le 2022 ní hamháin d'ETB Dhún na nGall, ach don tír ar fad toisc gur cuireadh deireadh le srianta na paindéime den chuid is mó. Ar deireadh, bhí muid in ann taitneamh a bhaint as na cruinnithe agus na himeachtaí nár tharla aghaidh ar aghaidh ó 2020. Ina measc bhí searmanais bhronnta, léirithe iontacha Chomhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall, ár nAonach Breisoideachais agus Oiliúna (FET), ár laethanta ionduchtúcháin do mhúinteoirí úra agus ár lón scoir a mbíonn an-tóir air i gcónaí.

## Ba í 2022 an chéad bhliain dár Ráiteas Straitéise úr fosta, a bhfuil an fhoghlaim a athrú ó bhonn - saol na ndaoine a athrú mar fhís aici.



Is fís í sin ina ndéanann muid ár ndícheall a fhíorú gach lá laistigh de gach cuid dár n-eagraíocht agus a chuireann i gcuimhne dúinn an fáth a ndéanann muid an méid a dhéanann muid dár bpobail agus dár gcontae.

Ar an 24 Feabhra 2022, rinne an Rúis ionradh ar an Úcráin, rud nach bhfacthas le fada an lá; díbríodh na mílte daoine ón Úcráin agus tháinig léar mór acu go Dún na nGall ag lorg dídine agus tacaíochta. Thug ETB Dhún na nGall freagra thar a bheith dearfach trí bheith i gceannas ar fhoireann REALT agus trí ranganna Béarla a chur ar fáil dár ndaonra Úcránach. Go deimhin, tá áiteanna scoile agus tacaíocht teanga curtha ar fáil againn fosta do líon méadaithe dídeanaithe agus iarrthóirí tearmainn ó thíortha eile faoin chlár Seirbhísí Cóiríochta Cosanta Idirnáisiúnta.

Ba mhór an onóir dom a bheith i mo bhall den chéad Bhord Rialaithe de chuid Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh a bunaíodh ar an 1 Aibreán 2022. Tabharfaidh an Ollscoil úr don réigiún sin buntáistí ollmhóra don chontae, lena n-áirítear ár ndaoine óga a choinneáil, cuid ríthábhachtach d'fhás ár ngeilleagair sa réigiún.

D'fhág muid slán ag ár Stiúrthóir FET, Cróna Gallagher agus chuir muid fáilte roimh ár Stiúrthóir úr, Ciaran O'Brien i mí an Mheithimh. Bhí ról lárnach ag Cróna maidir lena chinntiú go raibh cúrsaí comhionannais, éagsúlachta agus cuimsitheachta chun tosaigh inár n-eagraíocht agus mar sin bhí sraith cruinnithe againn le linn 2022 chun ár gcuid oibre a chur chun cinn i nDualgas na hEarnála Poiblí. Ceanglaíonn an obair sin go han-néata lenár gcuid oibre ar éiteas agus ar chroíluachanna ár scoileanna, atá mar chroíluachanna dár n-eagraíocht fosta agus, ag obair le BOOÉ, tá dul chun cinn suntasach agus buan déanta againn sa réimse sin.

Síníodh Meamram Tuisceana le hÚdarás na Gaeltachta i mí Aibreáin, rud a daingnigh ár gcaidreamh fadbhunaithe torthúil lenár gcomhghleacaithe agus léirigh sé an bhéim thábhachtach laistigh dár n-eagraíocht ar ár gcomhpháirtíochtaí agus ar an Ghaeilge.

Buaicphointe ár gcuid oibre lenár gcomhpháirtithe sa bhraisle treasaigh (OTA, Ollscoil Uladh agus NWRC) ba ea an 7 Deireadh Fómhair le comhdháil an-rathúil ag OTA. Bhí muid uilig briste agus faoi bhrón uaireanta ina dhiaidh sin, áfach, nuair a tharla tubaiste an Chraoslaigh. Bhí an tseachtain ina dhiaidh sin dubh dorcha dár gcontae agus dár scoil, Coláiste na Maoile Ruaidhe ach leis an tacaíocht iontach ó gach cearn den domhan, d'éirigh linn bogadh ar aghaidh ar dhóigh éigin. Ar ndóigh, ní dhéanfaidh muid dearmad go deo orthu siúd a chaill a saol agus a gortaíodh ar an lá uafásach sin agus coinníonn muid iad go léir, lena n-áirítear teaghlach, cairde agus pobal inár smaointe.

Ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill Choiste na Tuarascála Bliantúla as an obair iontach, mhionsonraithe agus chruinn a rinne siad le linn an doiciméad seo a chur i dtoll a chéile. Andy McGovern, Ciaran O'Brien, an Dr Martin Gormley, Brenda Boyle, Sandra Doherty, an Dr Sandra Buchanan, Martin McGinley, Eileen Dennison agus Liz Potter.

Mar fhocal scoir, gabhaim buíochas lenár gCathaoirleach, an Clr Barry Sweeny agus le comhaltaí Bhord ETB Dhún na nGall as a dtacaíocht agus a spéis leanúnach i ngach rud a dhéanann muid le freastal ar phobail Chontae Dhún na nGall.

**Anne McHugh, Príomhfheidhmeannach**



**1.1** Feidhmeanna an Bhoird
**1.2** Freagrachtaí an Bhoird
**1.3** Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2022
**1.4** Comhdhéanamh an Bhoird
**1.5** Taifead Tinrimh Chruinnithe Bhaill an Bhoird 2022

# 01

# Ráiteas BhordOideachais agus Oiliúna Dhún na nGall



ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022
Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

## Bunaíodh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013 agus tá sé freagrach as stiúradh agus rialú ceart a chuid feidhmeanna i gceantar údaráis áitiúil Dhún na nGall.

Comhlíonann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an Cód Cleachtais um Rialachas na mBord Oideachais agus Oiliúna, Ciorclán na Roinne Oideachais agus Scileanna 0002/2019. Is é cuspóir an chóid ná cinntiú go gcuireann Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall prionsabail an dea-rialachais agus na dea-bhainistíochta i bhfeidhm.

## 1.1 Feidhmeanna an Bhoird

Is feidhmeanna forchoimeádta iad cinntí a ghlacann an Bord agus leagtar amach iad in Alt 12 (2) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 agus i gCiorclán 0002/2019 Cód Cleachtais do Rialachas Boird Oideachais agus Oiliúna, le sceideal iomlán leagtha amach in Aguisín A den Chód. Meastar gur Feidhmeanna Feidhmiúcháin don Phríomhfheidhmeannach iad cinntí nach sonraítear sa Chód. Tá an Bord sásta go ndéanann an Príomhfheidhmeannach feidhmeanna a tharmligean nuair is cuí agus de réir an Achta um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013.

## 1.2 Freagrachtaí an Bhoird

Tá an Bord freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta tráth ar bith staid airgeadais an Bhoird agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais alt 51 d'Acht na mBord Oideachais agus Oiliúna 2013. Ina theannta sin tá an Bord freagrach as a cuid sócmhainní a chosaint agus as céimeanna réasúnta a ghlacadh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú. Measann an Bord go gcuireann na Ráitis Airgeadais Bliantúla ioncam agus caiteachas an Bhoird agus staid chúrsaí an Bhoird i láthair i gceart.

### Agus na cuntais sin á n-ullmhú, éilítear ar an Bhord:

**(a)** na gnáthpholasaithe cuntasaíochta a chur i bh feidhm chun ráitis airgeadais an ETB a ullmhú
**(b)** breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus críonna
**(c)** aon imeacht ábhartha ó na beartais chaighdeána cha cuntasaíochta a nochtadh agus a mhíniú

### I rith 2021 d'fhaomh an Bord na nithe seo a leanas:

— Glacadh na Tuarascála Bliantúla
— Ráitis Airgeadais
— Glacadh an Phlean Seirbhíse
— Freastal údaraithe comhaltaí ag comhdhálacha
— Fáil, sealbhú agus diúscairt talún nó leasa de réir rialacháin na Roinne Oideachais (RO)
— Cinntíodh gur coinníodh taifid chruinne ar chruinnithe agus ar chinntí



**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022
Ráiteas Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall

## 1.3 Ballraíocht agus Cathaoirligh ETB Dhún na nGall 2022

**Príomhfheidhmeannach:** Anne McHugh

**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An Comhairleoir Barry Sweeny | Cathaoirleach | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| An Comhairleoir Martin Harley | Leaschathaoirleach | Comhairle Contae Dhún na nGall |

**An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca**

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An tUasal Gabriel O'Donnell | Cathaoirleach | Comhalta Seachtrach |

**An Coiste Airgeadais**

| Ainm | Ainmníocht | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|
| An tUasal Patsy McVicar | Cathaoirleach | Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha |

### Ionadaíocht agus Cruinnithe

— Is é téarma oifige ETB Dhún na nGall cúig bliana (2019 -2024).
— Buaileann an Bord le chéile go rialta - thart ar uair amháin gach sé seachtaine. In 2022, tháinig an Bord le chéile seacht n-uaire.
— Toghtar an Cathaoirleach agus an Leaschathaoirleach go bliantúil de ghnáth.
— Ceapann ETB Dhún na nGall ceathrar dá Chomhaltaí Boird nó ionadaithe ar gach Bord Bainistíochta scoileanna agus coláistí ETB Dhún na nGall do théarma oifige cúig bliana an Bhoird.
— Suíonn comhaltaí fosta ar choistí éagsúla an Bhoird, go príomha na Coistí Óige, Iniúchóireachta agus Riosca, agus Airgeadais.

## 1.4 Comhdhéanamh an Bhoird

Tá 21 comhalta ar an Bhord a thoghtar faoi fhorálacha Alt 30 den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna 2013 mar seo a leanas:

**An Príomhbhord**

12 Comhalta tofa ag Toghcháin Údaráis Áitiúil faoi Chomhairle Contae Dhún na nGall
**Alt 30 (I) (a) den Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, 2013**

| | Teideal | Ainm | Sloinne | Catagóir | Comhlacht Ainmniúcháin |
|---|---|---|---|---|---|
| 1 | An Comhairleoir | Albert | Doherty | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 2 | An Comhairleoir | Barry | Sweeny | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 3 | An Comhairleoir | Donal | Coyle | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 4 | An Comhairleoir | Gary | Doherty | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 5 | An Comhairleoir | John | O'Donnell | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 6 | An Comhairleoir | John Shéamais | O'Fearraigh | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 7 | An Comhairleoir | Martin | Harley | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 8 | An Comhairleoir | Martin | Farren | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 9 | An Comhairleoir | Michael | McBride | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 10 | An Comhairleoir | Noel | Jordan | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 11 | An Comhairleoir | Nóirín | McGarvey | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 12 | An Comhairleoir | Rena | Donaghey | | Comhairle Contae Dhún na nGall |
| 2 Chomhaltaí atá ina gcomhaltaí foirne. Alt 30 (1) (b) Comhaltaí Foirne a toghadh | | | | | |
| 13 | Iníon | Joanne | Donaghy | Ionadaí Foirne | Tofa ag an Fhoireann |
| 14 | An tUasal | Barry | Molloy | Ionadaí Foirne | Tofa ag an Fhoireann |
| 2 Chomhaltaí ar Ionadaithe Tuismitheoirí iad Alt 30 (1) (c) ainmnithe ag Cumann na dTuismitheoirí | | | | | |
| 15 | An tUasal | Geoffrey | Browne | Ionadaí Tuismitheoirí | Ainmnithe ag Tuismitheoirí |
| 16 | Iníon | Lorraine | Doherty | Ionadaí Tuismitheoirí | Ainmnithe ag Tuismitheoirí |
| 5 Comhaltaí arna gceapadh de réir Alt 30 (I) (d) fo-alt (11)<br>Ó Chomhlachtaí Ainmnithe le sainleasanna/sainréimsí mar atá sonraithe ag an Aire | | | | | |
| 17 | Iníon | Lorraine | Thompson | Obair d'Ógra Éireann | Comhlachtaí ainmniúcháin /Sainleas |
| 18 | An tUasal | Patsy | McVicar | Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha | Comhlachtaí ainmniúcháin /Sainleas |
| 19 | An tUasal | Gerard | Grant | IBEC | Comhlachtaí ainmniúcháin /Sainleas |
| 20 | Iníon | Regina | Grant | Cónaidhm na hÉireann um Míchumas | Comhlachtaí ainmniúcháin /Sainleas |
| 21 | An tUasal | Brian | McDermott | Institiúid Fáilteachais na hÉireann | Comhlachtaí ainmniúcháin /Sainleas |





## 1.5 Taifead Tinrimh Chruinnithe Bhaill an Bhoird 2022

Tháinig an Bord le chéile ar dheich ócáid i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.

**Taifead Tinrimh Chruinnithe Bhaill an Bhoird 2022**

| Dátaí na gcruinnithe: | 28/02/22 | 31/03/22 | 16/05/22 | 20/06/22 | 19/09/22 | 07/11/22 Oireachtas | 12/12/22 | Iomlán de réir Comhalta |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Ainm an Chomhalta** | | | | | | | | |
| **An Comhairleoir Albert Doherty** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 |
| **An Comhairleoir Gary Doherty** | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | | 4 |
| **An Comhairleoir Rena Donaghey** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 6 |
| **An Comhairleoir Martin Farren** | ✓ | | ✓ | | ✓ | | ✓ | 4 |
| **An Comhairleoir Noreen McGarvey** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | 6 |
| **An Comhairleoir Martin Harley** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 |
| **An Comhairleoir Donal Coyle** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 |
| **An Comhairleoir Michael McBride** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | 6 |
| **An Comhairleoir Noel Jordan** | ✓ | | ✓ | | | | ✓ | 3 |
| **Iníon Joanne Donaghy** | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| **An tUasal Barry Molloy** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 |
| **An Comhairleoir John Shéamais Ó Fearraigh** | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 7 |
| **An Comhairleoir John O'Donnell** | | ✓ | | | | ✓ | | 2 |
| **An Comhairleoir Barry Sweeny** | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| **An tUasal Geoffrey Browne** | | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | | 5 |
| **Iníon Lorraine Doherty** | | | | ✓ | ✓ | | | 2 |
| **An tUasal Patsy McVicar** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| **Iníon Lorraine Thompson** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | ✓ | 6 |
| **An tUasal Gerard Grant** | ✓ | | | ✓ | ✓ | | ✓ | 4 |
| **An tUasal Brian McDermott** | | | | | ✓ | | | 1 |
| **Iníon Regina Grant** | ✓ | ✓ | ✓ | | ✓ | ✓ | | 5 |

**2.1** An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
**2.2** An Coiste Airgeadais
**2.3** An Coiste um Obair Ógra

# 02

# Coistí





## 2.1 An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

**Ballraíocht an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca 2022**

--

1. An tUasal Gabriel O'Donnell, Cathaoirleach (ball seachtrach)
2. Kathleen Bonner (ball seachtrach)
3. An tUasal Kevin Huston (ball seachtrach)
4. An tUasal Eunan Cunningham (ball seachtrach)
5. An Comhairleoir Michael McBride
6. Lorraine Thompson
7. An tUasal Gerard Grant
8. An tUasal Francis Coyle (ball seachtrach)

**Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.**

| Comhalta | | 24 Feabhra 2022 | 29 Márta 2022 | 18 Deireadh Fómhair 2022 | 14 Nollaig 2022 | Iomlán na gCruinnithe ar freasta-laíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An tUasal Gabriel O Donnell (Cathaoirleach)** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **Iníon Kathleen Bonner** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **An tUasal Kevin Huston** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **An tUasal Francis Coyle** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **An tUasal Eunan Cunningham** | Comhalta Seachtrach | ✓ | | | ✓ | **2/4** |
| **An Comhairleoir Michael McBride** | Comhalta Boird | ✓ | | ✓ | ✓ | **3/4** |
| **Iníon Lorraine Thompson** | Comhalta Boird | ✓ | ✓ | | ✓ | **3/4** |
| **An tUasal Gerard Grant** | Comhalta Boird | ✓ | | | ✓ | **2/4** |

## 2.2 An Coiste Airgeadais

**Ballraíocht an Choiste Airgeadais 2022**

--

1. An tUasal Patsy McVicar, Cathaoirleach
2. An tUasal Conall Dunne (ball seachtrach)
3. Mary Doogan Uasal (ball seachtrach)
4. An tUasal Seamus Bradley (ball seachtrach)
5. Regina Grant
6. An Comhairleoir Gary Doherty
7. An Comhairleoir Martin Harley

**Tháinig an Coiste Airgeadais le chéile ceithre huaire i rith na bliana agus tá sonraí an tinrimh leagtha amach sa tábla thíos.**

| Comhalta | | 23 Feabhra 2022 | 29 Márta 2022 (comh-chruinniú) | 28 Deireadh Fómhair 2022 | 14 Nollaig 2022 | Iomlán na gCruinnithe ar freastalaíodh orthu |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **An tUasal Patsy McVicar (Cathaoirleach)** | Comhalta Boird | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **An tUasal Conall Dunne** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |
| **Iníon Mary Doogan Uasal** | Comhalta Seachtrach | | ✓ | ✓ | ✓ | **3/4** |
| **An tUasal Séamus Bradley** | Comhalta Seachtrach | ✓ | ✓ | ✓ | | **3/4** |
| **Iníon Regina Grant** | Comhalta Boird | | ✓ | ✓ | | **2/4** |
| **An Comhairleoir Gary Doherty** | Comhalta Boird | ✓ | | | | **1/4** |
| **An Comhairleoir Martin Harley** | Comhalta Boird | ✓ | ✓ | ✓ | ✓ | **4/4** |





## 2.3 An Coiste um Obair Ógra

**In 2022 bhí cruinniú amháin den Choiste um Obair Ógra a bhí ar siúl an 19 Nollaig 2022. Tugtar breac-chuntas ar bhallraíocht agus ar shonraí an tinrimh sa tábla thíos.**

| Ainm | Eagraíocht | Líon na gCruinnithe a nDearna-dh Freastal Orthu |
|---|---|---|
| **An tUasal Geoffrey Browne** | Cathaoirleach, Coiste um Obair Ógra ETB Dhún na nGall | ✓ |
| **Lorraine Thompson** | Seirbhís Óige Dhún na nGall | ✓ |
| **Claire Gavigan** | Foróige | ✓ |
| **Maura Gallagher** | Foróige | ✓ |
| **Kevin Ferguson** | Cumann Gasóg na hÉireann | ✓ |
| **Martin Keeney** | TUSLA | ✓ |
| **An Cigire Séamus McGonigle** | An Garda Síochána | ✓ |
| **Kyle Quill** | Tionscadal Lucht Siúil Dhún na nGall | ✓ |
| **Dr Martin Gormley** | Stiúrthóir Scoileanna, ETB Dhún na nGall | ✓ |
| **Paddy Muldoon** | Oifigeach Forbartha Óige, ETB Dhún na nGall | ✓ |
| **Jacquie Knox** | Riarthóir Oibre Ógra, ETB Dhún na nGall | ✓ |

**3.1** Córais rialaithe inmheánaigh
**3.2** Polasaí agus nósanna imeachta soláthair
**3.3** Cánachas
**3.4** Ráiteas Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2022

# 03

# Bainistiú Riosca







Déanann an Bord maoirseacht ghníomhach ar bhainistiú riosca agus deimhníonn an Bord go bhfuil measúnú déanta ar na príomhrioscaí, ar na bearta maolaithe a bhaineann leis na rioscaí sin agus go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtacht na mbeart sin in 2022. Déanann an Bord bainistíocht ar riosca don eagraíocht trí chlár bainistíochta riosca struchtúrtha. Faigheann an Bord cúnamh ina fheidhm bainistíochta riosca ag an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca.

Tá an Bord spléach ar an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí (IAU) agus ar a thuarascálacha agus ar iniúchadh bliantúil den Ard-Iniúchóir (C&AG) agus ar aon Iniúchadh seachtrach eile amhail iniúchadh ESF agus/nó Iniúchadh ar Ioncam. Chomh maith leis sin, déantar athbhreithniú ar na Rialuithe Inmheánacha ar bhonn bliantúil.

**Breithnítear bainistíocht riosca ag cruinnithe Boird agus áirítear an méid seo a leanas sa bhreithniú sin:**

- Athbhreithniú bliantúil ar an Chlár Riosca Corparáideach
- Tuarascálacha riosca ó lucht bainistíochta sinsearaí, an Príomhoifigeach Riosca (CRO) san áireamh
- Tuarascálacha an Choiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca
- Athruithe ar rátáil rioscaí

Tá breac-chuntas ar an phróiseas bainistíochta riosca curtha san áireamh sa Ráiteas ar Rialú Inmheánach mar chuid de na ráitis airgeadais iniúchta a fhoilseofar laistigh de mhí amháin i ndiaidh iad a fháil ó Oifig an ARC&C agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh.





### 3.1 Córas rialaithe inmheánacha

**Deimhníonn an Bord go bhfuil athbhreithniú déanta ar éifeachtacht an chórais maidir le rialú inmheánach agus go gcuimsítear an Ráiteas faoin Rialú Inmheánach, a d'fhéadfadh athrú a theacht air sula gcríochnaítear an iniúchóireacht sheachtrach, sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla (RAB) don bhliain dár chríoch an 31 Nollaig 2022. Foilseofar é sin laistigh de mhí amháin i ndiaidh é a fháil ó Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus mar aguisín le Tuarascáil Chuimsitheach an Chathaoirligh a cuireadh faoi bhráid an Aire.**

Mar thoradh ar thionchar COVID-19 rinneadh athruithe leanúnacha ar chleachtais oibre sheanbhunaithe, lena n-áirítear méid suntasach cianoibre. Bhí sé tábhachtach measúnú a dhéanamh ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar oibriú an chórais rialuithe inmheánacha a bhí i bhfeidhm i rith na bliana. Leanadh de bheith ag comhlíonadh na mbeartas, na nósanna imeachta agus na sreafaí oibre atá ann cheana sa timpeallacht chianoibre. Tá cianobair leabaithe anois mar chleachtas rialta laistigh den eagraíocht, agus leanann ETB Dhún na nGall ag cinntiú go gcomhlíontar go hiomlán na riachtanais oibriúcháin agus reachtaíochta atá ann cheana. Rinneadh cláir riosca a nuashonrú chun go n-áireofaí sainaithint agus measúnú ar an tionchar ar riosca a bhaineann le COVID-19.



## 3.2 Polasaí agus nósanna imeachta soláthair

Deimhníonn an Bord go bhfuil an eagraíocht ag cloí leis na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí agus dearbhaíonn sé go gcloítear leis an bheartas agus na nósanna imeachta soláthair ábhartha agus le forbairt agus cur i bhfeidhm an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

## 3.3 Cánachas

Deimhníonn an Bord gur chomhlíon an ETB a oibleagáidí faoin dlí cánach.

## 3.4 Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Chríoch an 31 Nollaig 2022

Tá Ráitis Airgeadais Bhliantúla ETB Dhún na nGall don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2022 faoi réir iniúchta ag an ARC&C tráth a fhoilsítear Tuarascáil Bhliantúil 2022 ETB Dhún na nGall. Foilseoidh ETB Dhún na nGall na ráitis airgeadais iniúchta laistigh de mhí amháin tar éis iad a fháil ó Oifig an ARC&C.

**Tá sonraí airgeadais maidir leo seo a leanas san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla:**

- Déantar anailís de réir catagóire ar tháillí nach táillí tuarastail iad a íoctar i leith Chomhaltaí an Bhoird
- Sonraí comhiomlána an chúitimh ar phríomhbhainistíocht arna n-anailísiú de réir na gcatagóirí seo a leanas, lena n-áirítear cúiteamh bainistíochta san iomlán;
    - Tuarastail agus sochair ghearrthéarmacha fostaithe
    - Sochair scoir
- Príomhchúiteamh don lucht bainistíochta
- Líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí idir €0 agus €59,999;
- Sonraí faoi líon na bhfostaithe a raibh a sochair iomlána fostaí (gan costas pinsin fostóra san áireamh) don tréimhse tuairiscithe idir €0 agus €59,999 agus laistigh de gach banda pá €10,000 agus €60,000 níos airde agus figiúr foriomlán do ranníocaíochtaí pinsin fostóra iomlána.



**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022 Bainistiú Riosca



**Síniú:**


------------------------------------------------------------

**Dáta:**

---------------------------

**An Comhairleoir Barry Sweeny, Cathaoirleach**
**ETB Dhún na nGall**

**4.1** Scoileanna agus Ceol
**4.2** Ionaid FET




# 04

# An obair a dhéanann muid, An áit a bhfuil muid








**Déanann ETB Dhún na nGall bainistíocht ar chúig iar-bhunscoil déag, lena n-áirítear dhá Ghaelcholáiste agus ceithre scoil Ghaeltachta, ar scoileanna oileáin iad dhá cheann acu, ar Árainn Mhór agus ar Thoraigh.**

# Tá naoi n-ionad FET déag ag an tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna (FET) agus oibríonn sí i gcomhar le 140+ comhlacht pobail, deonach, reachtúil agus príobháideach chun a cláir a sheachadadh ar fud an Chontae.

Ó 2022, tá Ionad Oideachas Allamuigh Ghartáin ina Ionad FET agus tá an maoiniú cuí a bhí á chur ar fáil roimhe seo fríd an RO á chur ar fáil ag SOLAS/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFHERIS) anois, cé go bhfuil gné shubstaintiúil féinmhaoinithe fós ag teastáil maidir leis an ghníomhaíocht sin.

**Tacaíonn ETB Dhún na nGall le clár seirbhísí Oibre Ógra laistigh den chontae faoi stiúir an Oifigigh Forbartha Óige.**





## 4.1 Scoileanna agus Ceol




| Léarscáil Scoile – Ar dheiseal ó Bhun an Phobail | | |
|---|---|---|
| 1 | Coláiste Pobail Bhun an Phobail | Bun an Phobail |
| 2 | Coláiste Chranncha | Bun Cranncha |
| 3 | Coláiste Chineál Eoghain | Bun Cranncha |
| 4 | Coláiste Ailigh | Leitir Ceanainn |
| 5 | Coláiste Earagail | Leitir Ceanainn |
| 6 | Coláiste na Daoile | Ráth Bhoth |
| 7 | Coláiste Ghleann na Finne | Srath an Urláir |
| 8 | Gairmscoil Chú Uladh | Béal an Átha Móir |
| 9 | Gairmscoil na Mainistreach | Baile Dhún na nGall |
| 10 | Coláiste Magh Éne | Bun Dobhráin |
| 11 | Gairmscoil Naomh Caitríona | Na Cealla Beaga |
| 12 | Coláiste na Carraige | An Charraig |
| 13 | Gairmscoil Mhic Diarmada | Óileán Árainn Mhóir |
| 14 | Coláiste Phobail Cholmcille | Oileán Thoraí |
| 15 | Coláiste na Maoile Rua | Baile na nGallóglach |

| Oideachais Ceoil | |
|---|---|
| 16 | Páirtíocht Oideachas Ceoil Dhún na nGall |

## 4.2 Ionaid FET




| Ionaid FET – Ar dheiseal ó Ghleann Gad | | |
|---|---|---|
| 1 | Ionad Ógtheagmhála | Gleann Gad |
| 2 | Ionad FET Bun Cranncha | Bun Cranncha |
| 3 | Ionad Ógtheagmhála | Bun Cranncha |
| 4 | Ionad FET Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 5 | Coláiste Earagail (PLCs) | Leitir Ceanainn |
| 6 | Ionad Traenála Leitir Ceanainn | Leitir Ceanainn |
| 7 | Ionad Ógtheagmhála | Leitir Ceanainn |
| 8 | Ionad Ógtheagmhála | Leifear |
| 9 | Ionad FET Srath an Urláir | Srath an Urláir |
| 10 | Coláiste Ghleann na Finne (PLCs) | Srath an Urláir |
| 11 | Ionad FET Dhroim Chliabh | Baile Dhún na nGall |
| 12 | Ionad FET Ardscoil na gCeithre Máistir | Baile Dhún na nGall |
| 13 | Ionad FET Béal Átha Seanaidh | Béal Átha Seanaidh |
| 14 | Gairmscoil Naomh Caitríona (PLCs) | Na Cealla Beaga |
| 15 | Ionad Traenála Ghaoth Dobhair | Gaoth Dobhair |
| 16 | Ionad FET Gort a' Choirce | Gort a' Choirce |
| 17 | Ionad FET Baile na nGallóglach | Baile na nGallóglach |
| 18 | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin | Mín an Lábháin |



ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022 An obair a dhéanann muid, An áit a bhfuil muid







# 05

# Tionchar a imirt
## — líon na mac léinn





### Líon iomlán na mac léinn in 2022 de réir earnála

Iar-bhunscoileanna agus Coláistí, **5,614**

**19.1%**

Breisoideachas agus Oiliúint (FET), **14,434**

**49.3%**

Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin, **7,818**

**26.7%**

Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil, **1,420**

**4.9%**

## Líon na ndaltaí in iar-bhunscoileanna agus i gcoláistí 2022

| | | |
|---|---|---|
| An Teastas Sóisearach | **2,458** | 43.7% |
| Clár Scoile an Teastais Shóisearaigh | **695** | 12.3% |
| Clár na hIdirbhliana | **588** | 11% |
| An Ardteistiméireacht | **500** | 9% |
| Ardteistiméireacht Fheidhmeach | **178** | 3% |
| Gairmchlár na hArdteistiméireachta | **1,195** | 21% |



**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022
Tionchar a imirt — líon na mac léinn

## Líon na mac léinn i mbun breisoideachais agus oiliúna 2022

* Printíseachtaí, ranganna oíche, oiliúint i sainscileanna, cúrsaí oiliúna

| | | |
|---|---|---|
| Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh | **2,099** | 14.5% |
| An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas (BTEI) | **528** | 3.7% |
| Oideachas Bunúsach | **4,999** | 34.6% |
| Clár Tacaíochta don Oideachas Pobail | **3,482** | 24.1% |
| Rannpháirtíocht Fiontraíochta | **812** | 5.6% |
| Ranganna Oíche | **48** | 0.3% |
| Maoiniú Eile | **73** | 0.5% |
| Iar-Ardteistiméireacht (PLC) | **266** | 1.9% |
| Aitheantas Réamhfhoghlama | **306** | 2.2% |
| Seirbhísí Oiliúna* | **1,306** | 9.1% |
| Scéim Deiseanna Gairmoiliúna (SDGO) | **230** | 1.6% |
| Cumasóige | **265** | 1.9% |

**6.1** Príomhthéama 1 - T Teagasc agus Foghlaim
**6.2** Príomhthéama 2 - Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach
**6.2** Príomhthéama 3 - Ag Oibriú le Comhpháirtithe



# 06

# An fhoghlaim a athrú ó bhonn

## — saol na ndaoine a athrú






## Príomhthéamaí a Ráitis Straitéise cúig bliana, 2022–2026, a threoraigh ETB Dhún na nGall i rith 2022. Bhí na trí phríomhthéama seo a leanas i gceist:

**Príomhthéamas:**



**Príomhthéama 1** Teagasc agus Foghlaim




**Príomhthéama 2** Eagraíocht Fhorásach, Chuntasach



**Príomhthéama 3** Ag Oibriú le Comhpháirtithe

**6.1 Príomhthéama 1**



# Teagasc agus Foghlaim

## Tosaíocht 1
Na caighdeáin cháilíochta is airde teagaisc, foghlama agus measúnaithe a bhaint amach ar fud ár gclár oideachais agus oiliúna go léir.

## Tosaíocht 2
Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint agus seirbhísí tacaíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais mac léinn, na sochaí agus an gheilleagair.





# Tosaíocht 1

**Na caighdeáin cháilíochta is airde teagaisc, foghlama agus measúnaithe a bhaint amach ar fud ár gclár oideachais agus oiliúna go léir.**

**Forbairt Ghairmiúil Leanúnach:**
Bhí deiseanna forbartha gairmiúla rialta agus ábhartha ar fáil do mhúinteoirí trí Ionad Oideachais Dhún na nGall. Chuidigh go leor de na cláir le feabhas a chur ar scileanna oideolaíochta múinteoirí, ar eolas ábhair, agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí éagsúla. Bhí go leor cúrsaí ar líne a bhí éifeachtach ó thaobh ama agus áisiúil do go leor múinteoirí.

**Cuir Chuige Mac Léinn-Lárnach:**
Bhí béim níos mó ar fhoghlaim mac léinn-lárnach a chothú a chuir rannpháirtíocht ghníomhach, smaointeoireacht chriticiúil, réiteach fadhbanna agus comhoibriú chun cinn. I ndiaidh phaindéim COVID-19 ní raibh ach deiseanna teoranta foghlama gníomhaí i roinnt mhaith seomraí ranga. Spreag bainistíocht na scoile múinteoirí chun straitéisí teagaisc éagsúla a úsáid a d'fhreastail ar riachtanais foghlama éagsúla agus a chuir úinéireacht mac léinn ar a gcuid foghlama chun cinn.

**Cleachtais Measúnaithe Éifeachtacha:**
D'oibrigh múinteoirí chun cur chuige cothrom a chur chun cinn i leith measúnaithe a chuimsigh modhanna measúnaithe foirmiúla, suimitheacha agus barántúla. Spreagadh múinteoirí chun aiseolas tráthúil agus cuiditheach a chur ar fáil do mhic léinn chun tacú lena ndul chun cinn agus lena bhfás. Chinntigh múinteoirí go raibh a dteicnící measúnaithe ailínithe le cuspóirí an churaclaim agus chuir siad scileanna smaointeoireachta ardoird chun cinn.

**Comhtháthú Teicneolaíochta:**
Spreagadh múinteoirí chun teicneolaíochtaí oideachais a úsáid chun na heispéiris teagaisc agus foghlama a fheabhsú. Cuireadh roinnt oiliúna agus acmhainní ar fáil le cuidiú le múinteoirí uirlisí teicneolaíochta a chomhtháthú a d'fhéadfadh tacú leis an timpeallacht foghlama agus teagaisc, rannpháirtíocht scoláirí, agus foghlaim phearsantaithe.

# Tosaíocht 1

## Ar lean

| | |
|---|---|
| **Pobail Foghlama Comhoibríocha:** | Chuidigh ETB Dhún na nGall le cultúr comhoibrithe agus pobail foghlama gairmiúla a chothú i measc múinteoirí. Spreagadh scoileanna chun deiseanna a chur ar fáil chun piarbhreathnóireacht a dhéanamh, aiseolas a thabhairt agus dea-chleachtais a roinnt. Eagraíodh roinnt ardán agus seisiún do mhúinteoirí ionas go bhféadfaidís comhoibriú agus acmhainní, smaointe agus eispéiris a roinnt. |
| **Ceannaireacht agus Tacaíocht Láidir:** | Chuidigh bainistíocht scoile le tacaíocht éifeachtach ceannaireachta agus riaracháin a sholáthar chun a chinntiú go gcuirtear cleachtais ardchaighdeáin teagaisc, foghlama agus measúnaithe i bhfeidhm. Chuidigh an Bord Bainistíochta i go leor scoileanna le beartais agus nósanna imeachta ar fud na scoile a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm a thug tús áite d'oideachas ar ardchaighdeán. |
| **Rannpháirtíocht na dTuismitheoirí agus an Phobail:** | Spreag scoileanna rannpháirtíocht na dtuismitheoirí in oideachas a linbh agus chuir siad deiseanna ar fáil do bhaill an phobail a gcuid saineolais agus acmhainní a chur ar fáil chun an taithí foghlama ag imeachtaí éagsúla a shaibhriú. |










## Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta (TEL) agus FET

D'fhorbair Seirbhís FET ETB Dhún na nGall cur chuige straitéiseach maidir le húsáid na foghlama cumaisc trí Chreat Foghlama Cumaisc a fhorbairt. Tacaíonn agus treoraíonn an creat cur chuige straitéiseach an ETB maidir le foghlaim chumaisc agus táthar ag súil go dtacófar le formhór na gcúrsaí agus na gclár FET trí chur chuige foghlama cumaisc a úsáid.

Chuir Comhordaitheoir TEL agus Grúpa Oibre TEL Plean Gníomhaíochta FET TEL 2022 i bhfeidhm agus dá bharr sin bhí muid ábalta baill foirne a fhorbairt agus meantóireacht a dhéanamh orthu maidir le teicneolaíocht a úsáid sa tseomra ranga lena chinntiú go gcuirfí tionscnaimh TEL i bhfeidhm go rathúil I aistigh den tSeirbhís FET.

D'fhreastail 254 cleachtóir FET ar sheimineár rathúil maidir le TEL (sraith seachtaine de sheimineáir gréasáin idirghníomhacha), arna sheachadadh ag foireann ETB Dhún na nGall agus saineolaithe seachtracha agus ceannairí i réimse na teicneolaíochta sa tseomra ranga, thar chúig lá. Mar chuid de phlean FET TEL 2022, cuireadh duaischiste €5,000 ar fáil le haghaidh cineálacha cur chuige nuálacha maidir le teicneolaíocht a úsáid laistigh den tSeirbhís FET chun cláir FET a iontráil. Ba é cuspóir an tionscadail ná baill foirne a spreagadh chun a gcúrsa nó gné den tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna a athshamhlú trí úsáid a bhaint as an teicneolaíocht. Fuair dhá chlár FET maoiniú trí Thionscadal Nuálaíochta TEL. Bhí an tionscadal sa chéad áit sa chomórtas ón chlár BTEI agus fuair sé €10,0000 do 'Stiúideo Grianghrafadóireachta agus Eagarthóireachta.' Ba chlár Iar-Ardteistiméireachta é an tionscadal a bhí sa dara háit sa chomórtas agus fuair sé €5,000 don tionscadal 'The Power of Visuals.' In 2022 mhéadaigh líon na Mol Digiteach go seacht gcinn ar fud Dhún na nGall ag tairiscint tacaíochta agus rochtana ar ghléasanna agus nascacht don fhoireann, do mhic léinn agus don phobal i gcoitinne. Rinneadh suirbhé meastóireachta ar an Mhol Dhigiteach; dar le húsáideoirí roimhe seo agus reatha go raibh 93% acu 'ar fheabhas'.

## Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil (FFG)

Tairgeadh ceithre cinn is daichead d'imeachtaí Foghlama agus Forbartha Gairmiúla (FFG) don fhoireann i rith 2022 agus bhain 955 ball foirne FET leas as réimse leathan deiseanna FFG chun teagasc, foghlaim agus measúnú a fheabhsú.

**Áiríodh le téamaí FFG in 2022 na nithe seo a leanas ach gan a bheith teoranta dóibh:**

— Folláine
— Dearbhú Cáilíochta
— Cleachtais teagaisc agus foghlama agus oideolaíocht
— Uirlisí inrochtaineachta agus Dearadh Uilíoch don Fhoghlaim
— Cuimsiú
— Tacú le cleachtais teagaisc agus foghlama







## Ciste REACH

Thacaigh an tSeirbhís FET le daichead soláthraí Oideachais Pobail chun leas a bhaint as tacaíocht airgeadais ón Chiste REACH in 2022.

Dhírigh an ciste ar chumas soláthraithe oideachais pobail a mhéadú chun aghaidh a thabhairt ar an laghdú ar rannpháirtíocht foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste, go háirithe iad siúd ar chláir litearthachta agus scileanna bunúsacha ag Leibhéil 1-3 den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (NFQ). Bhí fócas láidir ar oideachas pobail mar mheicníocht chun leanúint ar aghaidh ag tacú le foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste agus ag plé leo agus aitheantas gur tacaíocht riachtanach í an fhoghlaim ar líne/chumaisc chun freastal ar riachtanais chasta.

## Seirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh Dhún na nGall

Lean an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh ag tacú le mic léinn agus le cliaint trí sholáthar treorach go pearsanta, ar an fhón agus ar líne.

Úsáideadh clár tacaíochta digiteach ar líne do mhic léinn darb ainm MyFuture+, a dearadh le cuidiú le mic léinn agus le cliaint leasanna, pearsantacht, scileanna idirphearsanta agus luachanna a iniúchadh chun féintuiscint níos fearr a fhorbairt agus saol an oideachais, na hoibre agus na fostaíochta a iniúchadh, go seasta mar acmhainn bhreise tacaíochta do mhic léinn le grúpaí agus le mic léinn chun tacú lena ndul chun cinn oideachais agus lena bhforbairt gairme. Tá rochtain ag mic léinn ar an chlár seo i gcónaí nuair a chríochnaíonn siad a gcúrsa chun tacú lena gcinntí aistrithe agus dul chun cinn amach anseo. Chinntigh úsáid leanúnach Ticeáil an Bocsa sin, acmhainn a d'fhorbair cleachtóirí treorach ETB Dhún na nGall, comhsheasmhacht tacaíochta ar fud na seirbhíse agus chuir sé acmhainn ar fáil is féidir le mic léinn a úsáid fiú i ndiaidh dóibh a gcúrsa a chríochnú.

## An tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta

Ba é an t-athrú ba mhó ar an tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta in 2022 ná gur ceapadh Bainisteoir Cúnta Ionaid Oiliúna le freagracht as Dearbhú Cáilíochta (DC), rud a léiríonn forbairt inláimhsithe i gcruthú sraith aonair beartas agus nósanna imeachta DC don tSeirbhís FET ina hiomláine.

Le linn 2022 bunaíodh Pobal Cleachtais (PC) maidir le Luathfhoghlaim agus Cúram. Ghlac sé páirt san athbhreithniú ar an chéad leagan den chlár, as ar eascair athruithe agus feabhsuithe ina dhiaidh sin, d'fhorbair sé acmhainní den scoth agus tháinig sé le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar sheachadadh an chláir. I ndiaidh an ratha sin, bunaíodh PC maidir le hOideachas Cuimsitheach agus Cleachtas chun measúnuithe a athbhreithniú agus a nuashonrú, athmhachnamh a dhéanamh ar sheachadadh agus é a fheabhsú agus acmhainní cláir a fhorbairt.

## DC Comhtháite i FET

Mar chuid d'fhorbairt an chórais DC Chomhtháite úir, bunaíodh grúpa oibre de sheacht mball foirne is fiche ó ar fud na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna, in 2022 chun an Beartas um Measúnú Cothrom agus Comhsheasmhach ar Fhoghlaimeoirí agus nósanna imeachta gaolmhara a chur chun cinn. Comhaontaíodh creat chun an beartas agus na nósanna imeachta a bhaineann leis a fhorbairt chun measúnú a dhéanamh ar scoláirí ar chláir FET uilig de chuid ETB Dhún na nGall, ag cinntiú go gcloíonn siad leis na beartais, na critéir agus na treoirlínte a leagtar amach in dhá dhoiciméad QQI - Measúnuithe agus Caighdeáin (Athbhreithnithe 2013) agus Treoirlínte Measúnaithe Dearbhaithe Cáilíochta do Sholáthraithe (V.2 Athbhreithnithe 2018). Aithníonn na nósanna imeachta beartais agus gaolmhara an gá atá le próisis leordhóthanacha agus chuí a bheith ann chun gnóthachtáil scoláirí a mheasúnú agus a fhíordheimhniú agus chun torthaí measúnaithe a cheadú.






## DC Comhtháite i FET

Cheadaigh Comhairle Cáilíochta Seirbhíse FET Dhún na nGall beartas Forbartha agus Ceadaithe Cláir i mí an Mhárta 2022 lena chinntiú go ndéantar forbairt an chláir go córasach, agus go ndéantar dearadh, forbairt agus faomhadh láidir ar gach clár de réir 'Beartais agus critéir chun cláir oideachais agus oiliúna a bhailíochtú' (QQI 2017) agus le riachtanais cheadaithe foras cáiliúcháin eile.

Dearadh an Tairseach Dearbhaithe Cáilíochta chun comhroinnt dea-chleachtais, acmhainní teagaisc agus foghlama agus nuacht DC a chumasú do gach ball foirne ar fud na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna. Tá an tairseach sin beo agus déantar é a nuashonrú go leanúnach le faisnéis, doiciméid agus acmhainní ábhartha. Téitear i gcomhairle le baill foirne FET go rialta lena chinntiú go bhfuil an tairseach oiriúnach don fheidhm agus go ndéantar aon mholtaí maidir le feabhsúcháin. Tá cnaipe 'Glac páirt i DC' ar thairseach DC fosta inar féidir le baill foirne aiseolas DC a sholáthar nó spéis a chlárú i bhforbairt beartais DC amach anseo.

Forbraíodh nuachtlitir DC in 2022, ina raibh míreanna nuachta DC ábhartha agus eisítear í go rialta chuig gach ball foirne FET. Le linn 2022 chuir saineolaí ábhair dhá sheimineár gréasáin déag ar fáil a thug aghaidh ar Chaighdeáin Cháilíochta i Measúnú a Éascú chun tacú le deiseanna comhoibríocha d'fhoireann FET chun an cleachtas a bharrfheabhsú. Thacaigh na seisiúin le hoideachasóirí úinéireacht a ghlacadh ar a dteagasc, a bhfoghlaim agus a gcleachtas a mheas chun leasa a gcuid mac léinn. Leis na seisiúin a dhéanamh inrochtana don fhoireann go léir, taifeadadh na seimineáir ghréasáin agus bhí siad ar fáil le feiceáil ar an Tairseach DC.

In 2022 bunaíodh Grúpa Oibre Bainistíochta Sonraí chun úsáideoirí Chóras Tacaíochta Foghlaimeoirí an Chláir (PLSS) a chur san áireamh ar fud FET agus é mar aidhm aige cleachtais oibre a chaighdeánú agus a chinntiú go bhfuil úsáid an chórais PLSS comhsheasmhach agus éifeachtach chun spriocanna agus cuspóirí foriomlána FET a bhaint amach, agus sa dóigh sin cur leis an chóras DC chomhtháite fhoriomlán. Úsáidtear bogearraí Tableau chun léargas níos tapúla a sholáthar ar thuarascálacha sonraí.

Forbraíodh agus cuireadh Plean Gníomhaíochta Oibríochta DC i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn ghníomhartha DC a d'eascair as Tuarascáil Athbhreithnithe Tosaigh QQI 2021 agus lena n-áirítear gníomhartha/pleananna a thacaíonn le forbairt an chórais DC úir agus gníomhaíochtaí oibríochtúla ó lá go lá. Rinneadh na réimsí gníomhaíochta a ghrúpáil de réir aon Chroí-Threoirlíne dhéag QQI. Forbraítear pleananna bliana ón phlean oibríochta agus déantar athbhreithniú orthu lena chinntiú go bhfuil na tosaíochtaí reatha agus go bhfuil dul chun cinn á dhéanamh. Bunaíodh grúpa stiúrtha um Dhearbhú Cáilíochta le bonn eolais a chur faoi fhorbairt an chórais DC agus chun tosaíochtaí a chomhaontú de réir threo straitéiseach Sheirbhís FET ETB Dhún na nGall agus na riachtanas beartais náisiúnta.

In 2022, rinneadh athbhreithniú ar bhallraíocht rialachais reatha DC, rud a d'fhág gur cuireadh baill inmheánacha agus seachtracha araon leis na grúpaí éagsúla, lena n-áirítear ionadaíocht sheachtrach bhreise ón tionscal agus ón phobal ar an Chomhairle Cáilíochta.

## Tacaíochtaí do Mhic Léinn FET ón tSeirbhís Tacaíochta um Dhearbhú Cáilíochta

Mar fhreagra ar aiseolas ó mhic léinn, forbraíodh lámhleabhar do mhic léinn in 2022 chun tacú le mic léinn le linn a gclár staidéir agus chun iad a ullmhú le haghaidh measúnaithe. Cuireann sé daltaí ar an eolas faoin mhéid a bhfuiltear ag súil leis uathu mar mhac léinn FET ETB Dhún na nGall agus faoin mhéid is féidir leo a bheith ag súil leis ó ETB Dhún na nGall. Soláthraíonn sé faisnéis ghinearálta agus leideanna staidéir fosta.

Mar thoradh ar aiseolas ó mhic léinn a iarrann acmhainn ar líne ina bhféadfaidís rochtain a fháil ar an fhaisnéis ábhartha go léir in aon áit amháin seoladh Mol na Mac Léinn Breisoideachais agus Oiliúna i Meán Fómhair 2022. Is ionad ilfhreastail é ina bhfuil an fhaisnéis go léir a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil ó mhac léinn FET roimh a gcúrsa nó lena linn, tá an Mol deartha chun an bealach a bhfaigheann mic léinn rochtain ar sheirbhísí treorach agus tacaíochta a shimpliú agus a fheabhsú, rud a fhágann go bhfuil siad níos inrochtana agus níos comhsheasmhaí do chách. Tugann aiseolas tosaigh ó mhic léinn le fios go gceapann siad gur uirlis iontach é an Mol le haghaidh tacaíocht acadúil agus le haghaidh faisnéis níos ginearálta. Dar leis an fhoireann teagaisc gur acmhainn luachmhar í sa tseomra ranga chun tacú leis an fhoghlaim.

Leanann ETB Dhún na nGall ag lorg bealaí go gníomhach chun meicníochtaí a fhorbairt trínar féidir le mic léinn FET cur go córasach agus go tréimhsiúil le forbairtí agus feabhsuithe DC. Bunaíodh agus cuireadh roinnt meicníochtaí i bhfeidhm in 2022 chun guth na mac léinn a bhailiú amhail bunú Fhóram Rialachais agus Bainistíochta na Mac Léinn i mí na Bealtaine. Is príomhghné de Ráiteas Straitéise ETB Dhún na nGall 2022-2026 é forbairt an fhóraim sin, a deir "Cuireann muid mic léinn i gcroílár ár gcuid oibre. Tá gach rud a dhéanann muid chun freastal ar leas ár mac léinn bunaithe ar ár gcroíluachanna: barr feabhais, comhionannas, cúram, pobal agus meas." Tionóltar an fóram trí huaire gach bliain agus tugtar cuireadh do mhic léinn ó gach cearn den tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna a bheith i láthair chun ionadaíocht a dhéanamh ar a réimsí cláir. Léiríonn míreanna an chláir oibre míreanna na ngrúpaí rialachais agus bainistíochta a bhaineann le cláir nua, forbairt agus seachadadh clár, beartais agus nósanna imeachta nua agus gnéithe eile a bhaineann le forbairt an chórais DC chomhtháite. Bailítear aiseolas agus cuirtear faoi bhráid na ngrúpaí Rialachais agus Bainistíochta é lena athbhreithniú agus lena fhreagairt.

Mar chuid de thionscnamh náisiúnta chun tionchair an oideachais phobail agus na buntáistí a bhaineann le foghlaim phobail a thaifeadadh, reáchtáil lucht soláthair FET suirbhé ar thuairimí na mac léinn ar bhonn píolótach; tá sé mar aidhm aige na torthaí níos leithne a d'fhéadfadh tarlú mar gheall ar rannpháirtíocht i litearthacht aosach agus soláthar oideachais pobail ETB a ghabháil. Cuireann na torthaí ar chumas na Seirbhíse FET bogadh níos faide ná fianaise starógach agus aiseolas ó mhic léinn a chur i láthair ó rannpháirtíocht i gcúrsaí ar bhealach struchtúrtha agus córasach chomh maith le fáil amach cad a theastaíonn ó mhic léinn ó chúrsaí agus torthaí foghlama a leagan síos. Go straitéiseach, cuireann sé ar chumas sonraí ríthábhachtacha a thaifeadadh, rud a chuidíonn le tuairisciú agus pleanáil sa todhchaí. Bhí an t-aiseolas ón chlár phíolótach tosaigh an-dearfach agus tá sé beartaithe an suirbhé a chur i bhfeidhm ar bhealach níos leithne.





## Cláir a Fhorbairt

In 2022, d'éirigh le Forbairt Clár, i gcomhar leis an Dr Oran Doherty (Ibec), a chéad chúrsa micridhintiúr a bhailíochtú do Dhámhachtain Sainchuspóra Leibhéal 6 i gCleachtais Foghlama Obairbhunaithe. Chríochnaigh an chéad ghrúpa de 28 fostaí an deimhniú i mí Dheireadh Fómhair 2022, le haiseolas iontach ón fhostóir agus ó na rannpháirtithe. Is é seo an chéad chlár a d'fhorbair ETB Dhún na nGall lena bhailíochtú ag QQI laistigh de na struchtúir rialachais nua agus de réir phróisis bhailíochtaithe nua QQI maidir le forbairt agus bailíochtú cáilíochtaí. Forbraíodh é fosta ag baint úsáid as na Tuairisceoirí Gairmiúla de chineál Gradaim, atá níos oiriúnaí do chláir i saol na hoibre.

Rinne Cumann Thionscal Mótar na hÉireann ETB Dhún na nGall a aithint mar Ionad i mBealtaine 2022 le cáilíochtaí Leibhéil 1 go 3 a sheachadadh maidir le Feithiclí Leictreacha Hibrideacha. Reáchtáil na Teagascóirí Mótarfheithiclí an clár ar bhonn píolótach i mí Mheán Fómhair 2022 agus chríochnaigh deichniúr printíseach Leibhéal 6 an clár, rud a chuir le hábhar a gcúrsa printíseachta.

Ceadaíodh cúrsa oiliúna in Innealtóireacht Mhuirí fosta i Meán Fómhair 2022 agus tá sé beartaithe é a sheachadadh in 2023, agus chuir an earnáil innealtóireachta sna Cealla Beaga deiseanna socrúcháin ar fáil. Bhí rannpháirtíocht Bhraisle Mhuirí na gCealla Beaga ríthábhachtach chun riachtanais ghairme a sholáthar do scileanna praiticiúla, digiteacha agus daonna a chuimsíonn an clár sin, le fócas ar leith ar scileanna táthúcháin.

Ceadaíodh an tSraith Ghlas de Dhámhachtainí Sainchuspóireacha (Leibhéal 5 5S21793 Inbhuanaitheacht Timpeallachta san Ionad Oibre agus Feasacht ar Inbhuanaitheacht Timpeallachta Leibhéal 4 4S21809) i mí Iúil 2022. Tá an dá cháilíocht sin mar chuid de spriocanna chomhaontú feidhmíochta straitéiseach SOLAS amach anseo agus áireofar iad in aon chúrsa oiliúna úr. Cuireadh tús le seachadadh na dámhachtana Leibhéal 4 laistigh de mhórdhámhachtain Ríomhghnó Leibhéal 5 a reáchtáladh i mBaile Dhún na nGall i Meán Fómhair 2022.

Mar thoradh ar rannpháirtíocht leis an Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail (GFT) forbraíodh clár chun tacú le huasoiliúint foirne don chuideachta seirbhísí airgeadais FinTru, trí phríomhscileanna digiteacha a chur ar fáil mar aon le teastasú ó Institiúid Chairte na nUrrús agus na hInfheistíochta.

Spreag athruithe ar theastasú City & Guilds athbhreithniú agus nuashonrú ar an chúrsa oiliúna Cáblú Cumarsáide. Mar thoradh air sin, thosaigh an dara leagan den chúrsa i mí Mheán Fómhair 2022; bhí leibhéal níos airde teastasaithe i gceist mar aon le hoiliúint i réimsí níos úire de theicneolaíochtaí snáthoptaice, in éineacht leis an teastasú díoltóra a bhaineann go sonrach leis an tionscal.

Mar fhreagra ar an éileamh mhéadaithe ar scileanna Béarla ag Leibhéal 4 agus os a chionn, cuireadh tús le hobair ar fhorbairt acmhainní chun tacú le seachadadh ranganna Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE) ag Leibhéal 4 agus 5.

In 2022 fosta rinneadh bailíochtú ar mhodúl neamhspleách ag Leibhéal 4 san Fheasacht Áitiúil agus Dhomhanda chun tacú le soláthraithe Oideachais Pobail, atá i ndiaidh éirí as a bheith ina n-ionaid cheadaithe QQI, mar gheall ar an tasc throm a bhaineann le próisis cheadaithe agus bhailíochtaithe lárionad QQI a choinneáil. Úsáidtear an modúl sin sa chlár ChangeMakers, áit a bhfuil ETB Dhún na nGall ina phríomhpháirtí i ngnéithe oiliúna agus teastasaithe an chláir.





**Cláir a Forbairt** ar lean

Chun cúrsaí rochtana ar leibhéal iontrála a sholáthar don chuntasaíocht, ceadaíodh Bonndioplóma ACCA i mBainistíocht Airgeadais (Leibhéil 2 agus 3) le seachadadh i gcomhar le dámhachtainí QQI Leibhéal 5 i Leabharchoimeád, Párolla agus Tosaigh Do Ghnó Féin. Laistigh den réimse gnó, fuair ETB Dhún na nGall bailíochtú fosta le haghaidh Dámhachtain Shainchuspóireach QQI Leibhéal 5, Scileanna Digiteacha Gnó a Fhorbairt 5N21872, arna forbairt ag SOLAS; rinneadh é sin trí Bhailíochtú difreálach. Is é sin an chéad cheann i réimse cúrsaí micridhintiúr atá forbartha ag SOLAS, agus bhí ionadaíocht ag ETB Dhún na nGall i dtrí cinn de na grúpaí oibre a raibh baint acu le forbairt na cáilíochta sin.

Rinneadh an Scéim Teastasaithe do Phearsanra (CSWIP); Cigire Amhairc Táthaithe (CSWIP) a cheadú trí rialachas inmheánach i mí Mheán Fómhair 2022. Soláthraíonn an Institiúid Táthaithe an sainteastasú tionscail sin agus tacaíonn sí leis an earnáil innealtóireachta atá ag méadú go gasta. Ceadaíodh Uasoiliúint Neamhtheastaithe i dTáthú Róbatach i mí na Samhna 2022 fosta, go dtí go ndéanfar bailíochtú difreálach ar an Dámhachtain Shainchuspóireach atá á forbairt ag ETB Lú agus na Mí le SOLAS trí chúrsa micridhintiúr.




ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022 An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú





D'fhorbair Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin clár uasoiliúna i Seascheáslóireacht le Rothaíocht Chonaire a Threorú chun teagascóirí leibhéal iontrála a uas-sciliú taobh amuigh den tséasúr ghnóthach, lena chur ar a gcumas leibhéil níos airde a bhaint amach i gCadhcáil, Seascheáslóireacht agus Rothaíocht Chonaire a Threorú, rud a chuirfidh lena ndeiseanna fostaíochta taobh amuigh de shéasúir an Earraigh agus an tSamhraidh. Thosaigh an chéad ghrúpa i mí na Samhna 2022.

I mBealtaine 2022 chríochnaigh an tOifigeach RPL agus Forbartha Cláir Teastas Iarchéime i nDearadh agus Bailíochtú Cláir i mBreisoideachas agus Oiliúint in Ollscoil Mhá Nuad chun tacú le forbairt agus bailíochtú leanúnach cúrsaí micridhintiúr.



# Ceadaíodh an cúrsa oiliúna in Oibríochtaí agus Cothabháil na nOibreacha Poiblí trí na próisis rialachais inmheánaigh i mí an Mhárta 2022 agus cuireadh tús leis an chéad chúrsa i mí Mheán Fómhair 2022.

Comhtháthaíonn an clár cáilíochtaí i scileanna digiteacha, gairneoireacht, ceannaireacht agus bainistíocht agus teastasú tionscail agus cuireann Comhairle Contae Dhún na nGall socrúcháin ar fáil laistigh dá rannóga Bóithre, Seirbhísí Uisce, Páirceanna, Céanna agus Cuanta.



# Tosaíocht 2

**Cláir oideachais agus oiliúna a thairiscint agus seirbhísí tacaíochta a fhreastalaíonn ar riachtanais mac léinn, na sochaí agus an gheilleagair.**

## Le bliain anuas, cuireadh béim shuntasach ar fheabhas a chur ar chaighdeáin sa teagasc agus san fhoghlaim inár n-iar-bhunscoileanna. Rinneadh iarracht mhór le scoileanna a normalú arís i ndiaidh na tréimhse dúshlánaí le linn na paindéime domhanda. Cuireadh tionscnaimh agus athchóirithe éagsúla i bhfeidhm chun cáilíocht an oideachais a fheabhsú agus torthaí dearfacha na mac léinn a chinntiú.

Feabhas suntasach amháin is ea an bhéim ar fhorbairt ghairmiúil do mhúinteoirí, le deiseanna méadaithe le haghaidh oiliúint leanúnach agus uasoiliúint, lena n-áirítear roghanna ar líne. Ina theannta sin, díríodh níos mó ar chuir chuige mac léinn-lárnach, ag cur foghlaim ghníomhach, smaointeoireacht chriticiúil agus scileanna réitigh fadhbanna chun cinn. Tugadh modhanna agus teicneolaíochtaí nuálacha teagaisc isteach agus bhí ról acu fosta maidir leis an eispéireas foghlama a shaibhriú.

Ina theannta sin, chuir comhoibriú méadaithe i measc múinteoirí, chomh maith le córais láidre measúnaithe agus meastóireachta a chur i bhfeidhm, le cleachtais teagaisc níos éifeachtaí agus le gnóthachtáil scoláirí níos fearr. Tá sé mar aidhm ag na hiarrachtaí seo le chéile oideachas ardchaighdeáin a sholáthar a ullmhaíonn ár gcuid mac léinn do dhúshláin agus do dheiseanna an domhain nua-aimseartha.









# In 2022 d'fháiltigh ETB Dhún na nGall roimh an chinneadh trí cinn eile dár n-iar-bhunscoileanna a chur leis an chlár Comhionannas a Sheachadadh inár Scoileanna (DEIS). Ba iad na scoileanna sin Coláiste na Carraige, Gairmscoil Chaitríona sna Cealla Beaga agus Coláiste Pobail Cholmcille ar Thoraigh.



**Ba chéim shuntasach é an leathnú sin i dtreo cothromas, uileghabhálacht agus deiseanna oideachais a chur chun cinn do gach scoláire sna pobail scoile sin. Tá ról lárnach ag an chlár DEIS maidir le dul i ngleic le míbhuntáistí oideachais agus a chinntiú go bhfuil rochtain ag gach mac léinn ar oideachas ardchaighdeáin, beag beann ar a gcúlra nó a gcúinsí. Trí na scoileanna breise sin a ionchorprú sa tionscnamh DEIS, tá muid ag treisiú ár dtiomantas do thimpeallacht foghlama chothrom a sholáthar a thacaíonn le forbairt iomlánaíoch ár scoláirí.**

Chuir an lá ionduchtaithe do mhúinteoirí nua go leor buntáistí ar fáil a chuir lena n-imeascadh rathúil sna pobail scoile éagsúla. Ar an chéad dul síos, thug sé deis do mhúinteoirí nua eolas a chur ar na beartais, nósanna imeachta agus struchtúr eagrúcháin éagsúla, rud a chuir ar a gcumas a róil agus a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. D'éascaigh an clár líonrú agus cothú caidrimh i measc múinteoirí nua agus baill foirne atá ann cheana, rud a chothaigh mothú cairdis agus tacaíochta laistigh de phobal ETB Dhún na nGall. Bhí sé mar ardán chun dea-chleachtais a roinnt, dúshláin a phlé, agus treoir a fháil, agus cáilíocht na foghlama agus an teagaisc a fheabhsú sa deireadh.

Bhí ról lárnach ag REALT i nDún na nGall maidir le socrúchán rathúil dhaltaí na hÚcráine i scoileanna áitiúla a éascú. Lena n-iarrachtaí agus a saineolas tiomnaithe, bhí ról lárnach ag REALT maidir le haistriú réidh agus tacúil a chruthú do na mic léinn sin isteach sa chóras oideachais. D'oibrigh siad go dlúth le scoileanna, le teaghlaigh agus le pobal na hÚcráine chun a chinntiú go gcuirtear tacaíocht teanga agus comhtháthú cultúrtha cuí ar fáil. Chuidigh obair REALT le cuimsitheacht a chothú agus glacadh le héagsúlacht agus chruthaigh sé timpeallacht chothaitheach inar féidir le mic léinn na hÚcráine a bheith faoi bhláth go hacadúil agus go sóisialta. Rinne obair mhór mhaith REALT difear suntasach i saol na mac léinn sin, ag cur a ndeiseanna oideachais agus a n-imeascadh isteach sa phobal áitiúil chun cinn. Tá sé léirithe ag lucht bainistíochta na scoileanna go bhfuil siad fíorthoilteanach mic léinn na hÚcráine a éascú.

**Tharla tragóid an Chraoslaigh ar an 7 Deireadh Fómhair agus chuaigh sí i bhfeidhm go mór ar phobal scoile Choláiste na Maoile Ruaidhe. Mar gheall ar chaillteanas tobann beirt mhac léinn agus beirt tuismitheoirí san eachtra thragóideach, mar aon le gortuithe do roinnt mac léinn eile, baineadh geit uafásach as pobal na scoile agus bhí briseadh croí agus brón orthu. Fágadh daltaí, múinteoirí agus foireann tacaíochta le dul i ngleic le réimse dian-mhothúcháin agus iad ag caoineadh chaillteanas a gcairde agus a gcomhghleacaithe. Thug an tragóid pobal na scoile le chéile i ndlúthpháirtíocht, ag cothú mothú aontachta agus tacaíochta agus iad ag tabhairt aghaidh ar an phróiseas dhúshlánach a bhaineann le bheith ag déanamh bróin agus leigheas. Chuir an scoil bearta éagsúla i bhfeidhm chun tacaíocht mhothúchánach agus seirbhísí comhairleoireachta a sholáthar do mhic léinn agus don fhoireann, ag aithint an ghá atá le leigheas aonair agus comhchoiteann.**





## Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (TSSS)

Tugadh Cuairteanna Cigireachta ar shé scoil de chuid ETB Dhún na nGall in 2022 maidir le Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta (TSSS). Dhírigh cigireachtaí ar an dóigh a raibh scoileanna ag cur Plean Freagartha COVID-19 na Roinne i bhfeidhm maidir le hoibriú sábháilte agus inbhuanaithe scoileanna. Chuir an Plean sin príomhtheachtaireachtaí ar fáil chun riosca COVID-19 a íoslaghdú don fhoireann, do mhic léinn, do theaghlaigh agus don phobal i gcoitinne agus ag an am céanna aitheantas a thabhairt don tábhacht a bhaineann le soláthar sábháilte agus inbhuanaithe scolaíochta do shláinte agus folláine na mac léinn agus na sochaí ina hiomláine.

Cuireadh Tuarascáil Chigireachta ó bhéal agus i scríbhinn ar fáil do gach scoil agus foilsíodh í ar shuíomh gréasáin na Roinne. Dearadh an próiseas cigireachta TSSS chun dearbhú a thabhairt don phobal go raibh treoirlínte na Roinne á gcur i bhfeidhm agus chun tacaíocht a chur ar fáil do na scoileanna chun iad a chur i bhfeidhm.

| | |
|---|---|
| **27 Eanáir 2022** | Coláiste Ailigh, Leitir Ceanainn |
| **27 Eanáir 2022** | Coláiste na Maoile Ruaidhe, Baile na nGallóglach |
| **1 Feabhra 2022** | Gairmscoil Mhic Dhiarmada, Árainn Mhór |
| **18 Feabhra 2022** | Coláiste Chineál Eoghain, Bun Cranncha |
| **5 Aibreán 2022** | Coláiste na Daoile, Ráth Bhoth |
| **16 Bealtaine 2022** | Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga |

## Soláthar FET

In 2022 bhí muid ábalta ranganna aghaidh ar aghaidh a thosú arís ar fud na gclár Breisoideachais agus Oiliúna, nuair a cuireadh deireadh le srianta COVID-19. Mhéadaigh earcaíocht mac léinn ar chláir FET lánaimseartha agus pháirtaimseartha go seasta le linn 2022. Cuireann cláir cúrsaí, idir lánaimseartha agus pháirtaimseartha, cianfhoghlaim shioncrónach ar fáil anois trí ghléasanna a leithdháileadh ar ár scoláirí. Cuireadh an Comhaontú Feidhmíochta Straitéisí trí bliana úr le SOLAS i bhfeidhm in 2022.

Seachadadh cúrsaí páirtaimseartha i gCúram Sláinte, Cúram Leanaí, CITR, Leabharchoimeád agus Párolla, Gairneoireacht agus Grianghrafadóireacht Dhigiteach le Scileanna Dearaidh, ag freastal ar raon leathan soláthair le méadú ar an éileamh ar chúram sláinte agus mic léinn ag dul ar aghaidh go díreach chuig fostaíocht sa réimse sin.

D'éirigh le 114 mac léinn lánaimseartha de chuid an chláir SDOG dámhachtainí i réimse ábhar a chur i gcrích, lena n-áirítear Ríomhghnó, Luathfhoghlaim agus Cúram, Dámhachtainí CITR agus Microsoft, an Ardteistiméireacht, Próiseáil Faisnéise agus Scileanna Riachtanacha Cúraim Sláinte. Le fócas ar dhul chun cinn, bhí go leor mac léinn in ann dul ar aghaidh agus breis staidéir a dhéanamh.



Tairgeadh dhá chlár déag de chúrsaí lánaimseartha PLC i dtrí ionad ar fud an chontae lena n-áirítear, Gairmscoil Chaitríona, Na Cealla Beaga; Coláiste an Eargail, Leitir Ceanainn agus Coláiste Ghleann na Finne, Srath an Urláir. D'éirigh le 137 mac léinn na cláir a chur i gcrích, agus taifeadadh gur éirigh le 89 mac léinn dul ar aghaidh chuig cúrsa FET, cúrsa ardoideachais, nó dul ar aghaidh agus post a fháil.

Reáchtáladh lá oscailte i mBealtaine 2022 san Ionad nua-aimseartha FET, Bóthar an Phoirt, Leitir Ceanainn. Lonnaithe thar dhá urlár, cuireann an tIonad réimse leathan cúrsaí lánaimseartha agus páirtaimseartha ar fáil le seacht seomra ranga fhairsinge, dhá sheomra TF, limistéar fáiltithe geal agus fairsing agus ceaintín do mhic léinn.





**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022
An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú

## Printíseachtaí

Ag eascairt as an phaindéim, d'fhreagair ETB Dhún na nGall iarratas ó SOLAS chun acmhainn Chéim 2 a mhéadú thar roinnt ceirdeanna criticiúla ina raibh an riaráiste náisiúnta ina chúis imní dáiríre, mar atá i gceirdeanna Leictreachais, Pluiméireachta, Ceardaíochta agus Siúinéireachta in éineacht le Mótar. Le linn 2022 lean ETB Dhún na nGall ag leathnú an tsoláthair agus d'admhaigh SOLAS go raibh sé ar thús cadhnaíochta i smaointe nuálacha agus é ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar an riaráiste náisiúnta.

Mar thoradh air sin, ceadaíodh Ceardlann Leictreachais bhreise a chur ar fáil in Ionad Oiliúna Ghaoth Dobhair, rud a chiallaíonn go mbeidh muid ábalta an dara cúrsa Leictreachais a chur ar fáil. Cuideoidh sé sin le dul i ngleic leis an easpa ceardaithe sa tír, go háirithe leictreoirí agus Chomh maith leis sin ciallaíonn sé go mbeidh níos mó printíseach ag fáil a gcuid oiliúna san ionad sin.

I ndiaidh cuairt a thug ionadaithe SOLAS in 2022, cuireadh dhá iarratas eile faoi bhráid SOLAS le haghaidh oibreacha uasghrádaithe a cheadóidh oibreacha leictreacha breise a fhorbairt in Ionad Leitir Ceanainn agus ceardlann táthúcháin atá ann cheana a athfhorbairt le bheith ina ceardlann Déantúsaíochta Miotail Chéim 2. Is iarratas fada ó fhostóirí laistigh den earnáil sin san Iarthuaisceart é an gá agus an t-éileamh atá ar an cheardlann Déantúsaíochta Miotail agus is cinnte go méadóidh an fhorbairt sin clárú na bprintíseach Déantúsaíochta Miotail i nDún na nGall.





# Leanann ETB Dhún na nGall ag obair go dlúth le comhghleacaithe in OTA agus iad ag iarraidh soláthar printíseachta ag Céim 4 agus 6 a mhéadú ar fud roinnt ceirdeanna; tá méadú tagtha ar sholáthar Chéim 4 Leictreach in OTA ó dhá go trí rang in aghaidh an tseimeastair agus leathnóidh sé isteach i gCéim 6 fosta.

Rinneadh plé fosta ar cheirdeanna eile ina bhféadfadh OTA Céim 4 agus 6 a sheachadadh. Tá an comhoibriú sin ag dul i bhfad chun próifíl agus seasamh na bprintíseachtaí i nDún na nGall a mhéadú.

### Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile (BCTE)

Bhí foirne BCTE ar fud Sheirbhís ETB an chontae thar a bheith gasta ag freagairt do riachtanais na ndaoine a theith go Dún na nGall mar gheall ar an chogadh san Úcráin in 2022. Rinne na foirne sa tseirbhís ríthábhachtach sin a ndualgas agus i bhfad níos mó ná sin lena chinntiú gur bhuail siad leis na dídeanaithe agus gur mheas siad iad; chruthaigh siad áiteanna i ranganna do bheagnach 1,500 duine fásta a raibh orthu a gcuid scileanna Béarla a fheabhsú agus dul i dtaithí ar a bpobail úra i nDún na nGall.

### Oideachas Bunúsach

Cuimsíonn Seirbhís Oideachais Bhunúsaigh ETB Dhún na nGall, ar a dtugtar Ag Foghlaim don Saol ar fud an chontae, Litearthacht d'Aosaigh, Uimhearthacht agus Scileanna Digiteacha, gach ceann acu san áireamh sa Straitéis Litearthachta d'Aosaigh don Saol (UILE).

Lean an t-éileamh ar ranganna scileanna digiteacha lena n-áirítear ríomhairí, táibléid agus fóin ar aghaidh in 2022 de réir mar a ghlac mic léinn leis an ghá le bunscileanna teicneolaíochta a thug muinín dóibh as cumarsáid ar líne agus idirghníomhaíochtaí le níos mó ná 1,500 mac léinn a chríochnaigh cúrsaí in 2022.

### Cumasóige

Le linn 2022, lean Cumasóige ag seachadadh na bpríomhscileanna a theastaíonn le haghaidh tuilleadh foghlama agus d'ullmhaigh sé daoine óga chun dul ar aghaidh chuig breisoideachas/oiliúint nó le post a fháil. Cuirtear cláir Chumasóige ETB Dhún na nGall ar fáil i sé ionad sna háiteanna seo a leanas: Béal Átha Seanaidh, Bun Cranncha, Gleann Gad, Gort an Choirce, Leitir Ceanainn agus Leifear.

Bhí an-áthas ar mhic léinn agus ar bhaill foirne a nAontaí Ceardaíochta Nollag bliantúla a thabhairt ar ais in 2022 mar nach raibh an deis acu iad a reáchtáil le dhá bhliain. Is toradh iontach iad na hAontaí ar a lán obair chrua i rith na bliana in Ionaid Chumasóige, ag tabhairt deis do mhic léinn i raon ábhar lena n-áirítear ealaín, teicstílí, ceardaíocht agus adhmad a gcuid oibre a thaispeáint agus airgead a bhailiú do charthanais áitiúla.

### Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin (OETC)

Ó 2022, tá Ionad Oideachas Allamuigh Ghartáin ina Ionad FET agus tá an maoiniú cuí a bhí á chur ar fáil roimhe seo tríd an RO á chur ar fáil ag SOLAS/An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (RBATNE) anois, cé go bhfuil gné shubstaintiúil féinmhaoinithe fós ag teastáil maidir leis an ghníomhaíocht sin.






**Tugadh 424 cuairt ghrúpa ar Ghartán le linn 2022 ó raon leathan úsáideoirí seirbhíse, lena n-áirítear, bunscoileanna agus iar-bhunscoileanna, Breisoideachas agus Oiliúint (FET), seirbhísí agus clubanna óige, grúpaí pobail, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta (NGB), ranna rialtais agus grúpaí ón earnáil chorparáideach.**

# Mar pháirt den tsoláthar seirbhíse bhí oideachas eachtraíochta allamuigh, oideachas comhshaoil, oiliúint i sainscileanna, agus áiseanna comhdhála agus ceardlainne.

**Seachadadh cláir le linn cuairteanna lae, eispéiris chónaithe, seisiúin tráthnóna agus ag an deireadh seachtaine. Ina theannta sin, chuir OETC Ghartáin cúrsa Oiliúna Teagascóirí 47 seachtain ar fáil chomh maith le cúrsa 'Uasoiliúna' 25 seachtaine do Theagascóirí a phíolótú, ag díriú go sonrach ar dhaoine aonair atá ag obair go séasúrach sna hearnálacha oideachais allamuigh, turasóireachta eachtraíochta agus spóirt eachtraíochta.**

### Buaicphointí agus Laethanta Úsáideora 2022

- D'fhreastail 119 duine óg ó thrí eagraíocht a dhéanann ionadaíocht ar dhaoine faoi mhíchumas ar OETC Ghartáin.
- D'fhreastail 481 mac léinn agus ball foirne FET ar an Ionad ó Ionaid Oiliúna Chumasóige agus FET.
- D'fhreastail 1,068 duine fásta ar an Ionad ó chlubanna spóirt, ó ghrúpaí reiligiúnacha agus cultúrtha, agus ó eagraíochtaí eile le linn 2022.
- Chríochnaigh seachtar teagascóirí faoi oiliúint cúrsa oiliúna lánaimseartha 47 seachtain, agus bhain siad cáilíocht amach ón NGB náisiúnta faoi seach sa chadhcáil, sa tsurfáil ghaoithe, sa tseoltóireacht agus bhain siad amach cáilíochtaí inniúlachta sa tsléibhteoireacht, sa bhádóireacht innill agus sa gharchabhair. Chuir ochtar mac léinn tús le cúrsa 2022-2023 i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus chuir 7 mac léinn eile tús leis an chúrsa Uasoiliúna do Theagascóirí i mí na Samhna 2022.
- D'fhreastail 2,203 scoláire iar-bhunscoile ar OETC Ghartáin le linn 2022, agus ba as scoileanna ETB Dhún na nGall 718 díobh.
- D'fhreastail 1,242 scoláire bunscoile ar OETC Ghartáin.
- Ghlac 284 duine páirt i gCampaí seachtaine (Seoltóireacht, Clársheoltóireacht agus Trá) sna Dúnaibh i rith Shamhradh 2022.
- Ghlac 410 duine óg páirt i gCampaí seachtaine Eachtraíochta le linn 2022.



6.2 Príomhthéama 2

# Eagraíocht fhorásach, chuntasach

## Tosaíocht 1

Cultúr gnóthachtála, nuálaíochta, cuntasachta agus seirbhíse poiblí a chruthú agus a chothabháil.

## Tosaíocht 2

Tacú lenár bhfoireann go léir barr a gcumais a bhaint amach agus a róil a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde.





# Priority 1

**Cultúr gnóthachtála, nuálaíochta, cuntasachta agus seirbhíse poiblí a chruthú agus a chothabháil.**

### Struchtúr Eagraíochtúil

Lean na trí Fhóram Stiúrthóirí a óstáladh faoi BOOÉ - Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta (OSD); Scoileanna; agus Breisoideachas agus Oiliúint, a thuairiscíonn d'Fhóram an Phríomhfheidhmeannaigh (FP), ag teacht le chéile go rialta i rith na bliana agus d'oibrigh siad ar roinnt tionscnamh le leanúint de dhea-chleachtas a fhorbairt ar fud na heagraíochta agus na hearnála. D'fhéach na Fóraim le comhdhearcadh a fhorbairt maidir leis na struchtúir eagraíochta is fearr a theastaíonn chun na seirbhísí atá á soláthar ag ETBanna ar fud na tíre a sholáthar. Tharla teagmhálacha tosaigh idir an Fóram CE agus na Ranna Oideachais agus Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta, le comhaontú a chur ar aghaidh maidir le struchtúr eagraíochtúil d'ETBanna amach anseo.

Laistigh d'ETB Dhún na nGall, reáchtáiltear cruinnithe rialta de roinnt coistí intí i rith na bliana lena n-áirítear: an Príomhfheidhmeannach agus Grúpa na Stiúrthóirí; an Fóram Feidhmiúcháin faoi Stiúrthóir OSD, na grúpaí do Phríomhoidí agus do Phríomhoidí Tánaisteacha faoi Stiúrthóir na Scoileanna; na bainisteoirí sinsearacha agus foirne comhordaitheoirí FET faoin Stiúrthóir FET; an grúpa Maoinithe agus Pleanála FET, atá comhdhéanta de bhainistíocht shinsearach ó OSD agus FET chun aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna trasfheidhmiúla a bhaineann le maoiniú SOLAS agus nithe eile, agus an grúpa Foirgneamh FET ina bhfuil ionadaithe ó OSD agus FET araon chun aghaidh a thabhairt ar ábhair a bhaineann le riachtanais tógála agus cóiríochta laistigh de FET. In 2022 bunaíodh grúpa úr chun aghaidh a thabhairt ar Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine agus bhí sé comhdhéanta d'ionadaithe ó gach snáithe den eagraíocht, lena n-áirítear Scoileanna, FET agus OSD.

Bhunaigh an RO comhlacht lárnach, Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais (ESBS) chun seirbhísí gnó comhroinnte ar ardchaighdeán a sholáthar don earnáil Oideachais agus Oiliúna. Tá an t-aistriú chuig ESBS ar siúl le roinnt blianta anois; in 2020 ghlac ESBS freagracht as íocaíochtaí le printísigh faoi chéim a haon d'aistriú íocaíochtaí mac léinn agus i mí Feabhra 2022 ghlac ESBS freagracht as SDOG agus mic léinn Chumasóige faoin dara céim agus an chéim dheiridh den aistriú íocaíochtaí mac léinn. Is é an chéad chéim eile den aistriú chuig seirbhísí comhroinnte ná párolla na foirne. Rinneadh ullmhúcháin don chéim sin le linn 2022 agus leanfaidh siad ar aghaidh go 2023. Cuireadh tús fosta le hullmhúcháin le linn 2022 don aistriú chuig Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais faoi ESBS, trína n-aistreofar gnéithe den fheidhm airgeadais fhoriomlán go dtí an tsamhail seirbhíse comhroinnte.

## Éiteas

Tá tús curtha ag ETB Dhún na nGall leis an phróiseas chun Éiteas ETB a rolladh amach ar fud a chúig iar-bhunscoil déag. Tá sé seo mar chuid de thionscnamh náisiúnta níos leithne a bhaineann le gach ETB. Leanadh ar aghaidh leis an obair chun ár gcúig chroíluach a leabú in 2022. Bunaíodh na Foirne Ceannaireachta Éitis i ngach scoil agus lean an Líonra Foghlama Gairmiúla ar fud ETB Dhún na nGall de dhea-chleachtas a roinnt agus plé a dhéanamh ar an bhealach is fearr chun an fhorbairt leanúnach a chur chun cinn.

### Cad is Éiteas ann?

--

Go simplí, is é an t-éiteas an dóigh a maireann muid, a n-oibríonn muid agus a ndéanann muid ceangal lena chéile inár bpobal scoile. Cé go gcuimsíonn sé an curaclam agus an dóigh a múintear é, tá éiteas níos leithne ná sin. Baineann sé fosta le croíluachanna comhroinnte, leis an churaclam folaithe, le próisis chinnteoireachta agus leis na caidrimh atá mar bhonn agus taca le saol laethúil na scoile. Tá an próiseas chun croíluachanna agus éiteas a aithint ag teacht chun cinn le deich mbliana anuas. Tá gach scoil ETB ina scoil Stáit, is scoileanna Comhoideachais agus Il-sainchreidmheacha iad. Tá éiteas ETB bunaithe ar chroíluachanna Sármhaitheas san Oideachas, Cúram, Meas, Comhionannas agus Pobal.

### Éiteas ETB a neadú ar fud ár scoileanna go léir

--

Tá Líonra Foghlama Gairmiúla um Éiteas bunaithe ina bhfuil ionadaí amháin ó gach scoil de chuid ETB Dhún na nGall. Ina theannta sin, tá Foireann Ceannaireachta Éitis ceaptha ag gach scoil chun an rolladh amach go háitiúil a bhainistiú. Díríodh in 2021 ar fheasacht agus tuiscint ar éiteas ETB a ardú le gach ball de phobal na scoile. Sna blianta amach romhainn bogfaidh an fócas i dtreo éiteas agus croíluachanna ETB a leabú i ngach gné de shaol na scoile. Chuaigh BOOÉ i gcomhairle go forleathan ar fud na hearnála agus chuir sé Creat maidir le hÉiteas le chéile. Tugtar breac-chuntas sa cháipéis sin ar éiteas ETB agus sonraítear na caighdeáin ba chóir do gach scoil ETB a dícheall a dhéanamh lena mbaint amach. Leanfaidh sé sin de bheith ina phointe tagartha tábhachtach do na Foirne Ceannaireachta Éitis scoilbhunaithe.

## Comhlíonadh

Lean ETB Dhún na nGall ag tabhairt aird ar a oibleagáidí i dtéarmaí reachtaíochta agus rialachais in 2022. Rinneadh tuilleadh céimeanna le linn 2022 chun comhlíonadh an Chóid Cleachtais um Rialachas ETB (CL 0002/2019) a fheabhsú. Cuireadh na gníomhartha riachtanacha go léir i bhfeidhm ag cruinnithe Boird agus ag cruinnithe dá choiste Iniúchóireachta agus Riosca, coiste Airgeadais, Boird Bainistíochta Scoile agus coiste um Obair Ógra. Chinntigh an ETB fosta gur chloígh sé leis an Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, agus reachtaíocht eile, chomh maith le riachtanais na gCoimisinéirí Ioncaim.

## An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca

Tháinig an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca (ARC), ina bhfuil triúr ball Boird agus cúigear ball seachtrach ceaptha, le chéile ceithre huaire le linn 2022..

Tá an ARC freagrach as monatóireacht a dhéanamh ar an Fheidhmeannas maidir leis an dóigh a gcuireann sé a fheidhmeanna i gcrích. Feidhmíonn sé faoi Théarmaí Tagartha atá faofa ag an Bhord. I rith na bliana, thug an ARC dearbhú don Bhord maidir le héifeachtacht na bpróiseas rialaithe inmheánaigh. Bhí rochtain ag an ARC ar thuairiscí ón bhainistíocht, iniúchadh seachtrach ag an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus iniúchtaí inmheánacha ag an Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí – ETBanna. Ina dhiaidh sin, fuair an Bord tuairiscí ar chruinnithe an ARC. Chuir an Bord torthaí agus moltaí an ARC san áireamh agus na Ráitis Airgeadais Bhliantúla á bhformheas agus an Ráiteas ar Rialú Inmheánach á ghlacadh.

Rinne an ARC athbhreithniú féinmheasúnaithe le linn 2022 fosta agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird.





## An Coiste Airgeadais

Tá an Coiste Airgeadais comhdhéanta de thriúr ball Boird agus ceathrar ball seachtrach a cheaptar; tháinig siad le chéile ceithre huaire le linn 2022. Lean an Coiste de bheith freagrach as athbhreithniú a dhéanamh ar ioncam agus ar chaiteachas an Bhoird, ar fheidhmíocht in aghaidh an bhuiséid, agus ar ghnéithe airgeadais an phlean Oideachais agus an Phlean Seirbhíse Oiliúna araon. Fuair an Bord miontuairiscí chruinnithe an Choiste Airgeadais lena mbreithniú agus le cuidiú le baill an Bhoird a chinntiú go raibh na pleananna sin á gcur i bhfeidhm.

Déanann an Coiste athbhreithniú bliantúil fosta ar ghnéithe airgeadais an Phlean Seirbhíse Bliantúil agus molann sé don Bhord iad a chur san áireamh mar chuid den Phlean Seirbhíse Bliantúil foriomlán a cheanglaítear a chur faoi bhráid na RO faoin 1 Márta gach bliain. Tionóltar cruinniú comhpháirteach leis an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca (ARC) gach bliain i mí an Mhárta fosta chun athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais Bhliantúla agus iad a mholadh go bhfaomhfadh an Bord iad roimh an spriocdháta chun na dréacht-Ráitis Airgeadais Bhliantúla a chur faoi bhráid na RO faoin 1 Aibreán.

Rinne an ARC athbhreithniú féinmheasúnaithe le linn 2022 fosta agus cuireadh torthaí an athbhreithnithe sin faoi bhráid an Bhoird.

## Bainistiú Riosca

Tá cur chuige ETB Dhún na nGall i leith bainistíocht riosca á threorú ag na prionsabail atá leagtha amach i gCuid 7 den Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna (CL 0002/2019). In 2022 d'fhorbair ETB Dhún na nGall a chéad Chlár Riosca Corparáideach a dhírigh ar na príomhrioscaí atá roimh an eagraíocht. Tá an Clár Riosca Corparáideach bunaithe ar Chláir Riosca Oibriúcháin do réimsí ETB lena n-áirítear Airgeadas, Soláthar, Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC), Acmhainní Daonna (AD), Seirbhísí Corparáideacha, Seirbhísí Foirgníochta agus Bainistíocht Eastát, Sláinte agus Sábháilteacht, Scoileanna agus FET. Chuir an Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca an Clár Riosca Corparáideach i láthair agus rinne sé breithniú air i mí an Mhárta 2022. Leanann an obair sin le feasacht a ardú maidir le réimse na bainistíochta riosca. Lean cláir riosca ag measúnú thionchar COVID -19 ar bhainistíocht riosca le linn 2022.

## Rialú Inmheánach

Faoi Alt 7.4 den Chód Cleachtais um Rialachas ETB, tá an Bord freagrach as a chinntiú go ndéantar córais éifeachtacha rialaithe inmheánaigh a thionscnamh agus a chur i bhfeidhm. In 2022 rinne baill an Bhoird, le cúnamh ón Choiste Airgeadais, athbhreithniú ar an dóigh ar éirigh le cláir ETB Dhún na nGall maidir le spriocanna agus buiséid. Rinne an Bord a athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha fosta agus bhreithnigh sé tuarascáil ón Choiste Iniúchóireachta agus Riosca maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha le linn 2021. D'fhaomh an Bord an Ráiteas bliantúil ar Rialú Inmheánach a cuireadh san áireamh sna Ráitis Airgeadais Bhliantúla do 2021.

In 2021 d'fhorbair ETB Dhún na nGall rianaire iniúchta inmheánaigh chun feabhas a chur ar a chumas monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn i dtreo chur i bhfeidhm thorthaí agus mholtaí an Aonaid Iniúchóireachta Inmheánaí. Le linn 2022 bhí an rianaire iniúchta ina uirlis éifeachtach chun a chinntiú go dtabharfaí tosaíocht do mholtaí iniúchta inmheánaigh agus go gcuirfí chun feidhme iad a luaithe is féidir.

In 2022 lean ETB Dhún na nGall ar aghaidh ag cur san áireamh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag athruithe ar chleachtais oibre a eascraíonn as tionchar COVID-19 ar an chóras rialaithe inmheánaigh.

### Déileáladh leis na hiniúchtaí seo a leanas le linn 2022:

- (C&G) ETBanna: Iniúchadh ar chuntais don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021
- (IAU) ETBanna: Iniúchadh ar Sheirbhísí Óige
- (IAU) ETBanna: Iniúchadh ar Léasanna, Taisteal agus Cothabháil, Bronntanais agus Fáilteachas
- (IAU) ETBanna: Athbhreithniú leantach ar iniúchadh ar Sholáthar roimhe seo
- (IAU) ETBanna: Athbhreithniú ar Phróisis Áirithe Acmhainní Daonna (Tosaithe 2021)
- (IAU) ETBanna: Athbhreithniú ar iniúchadh a rinneadh roimhe seo ar Oiliúint ar Conradh (Tosaithe 2021)
- (IAU) ETBanna: Athbhreithniú leantach ar thorthaí iniúchóireachta roimhe seo (Tosaithe 2020)
- Iniúchadh Fíoraithe CSE: Oiliúint do Dhaoine Dífhostaithe 2019
- An Roinn Coimirce Sóisialaí: Iniúchadh Cigireachta Béilí Scoile (Gairmscoil Chaitríona)

## Oiliúint do chomhaltaí an Bhoird, Coistí ARC agus Airgeadais

D'fhreastail baill den Bhord, de na Coistí ARC agus Airgeadais ar sheimineár gréasáin ar líne arna sheachadadh ag Oifig an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i mí na Samhna 2022. Dhírigh an seisiún ar ábhair lena n-áirítear rialachas, rialuithe inmheánacha, bainistíocht airgeadais agus riosca, agus luach ar airgead.







## TFC

I ndomhan atá ag éirí níos digití, tá cibearbhagairtí fós ina ndúshláin shuntasacha d'eagraíochtaí ar fud na cruinne, lena n-áirítear institiúidí oideachais. Aithníonn ETB Dhún na nGall leitheadúlacht agus sofaisticiúlacht na gcibearbhagairtí atá ag dul i méid agus tá sé tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin go díreach agus ár gcibearchosaintí a threisiú chun slándáil agus sláine ár gcóras agus ár sonraí a chinntiú.

Tá méadú suntasach tagtha ar chibearbhagairtí in Éirinn, a théann i bhfeidhm ar eagraíochtaí de gach méid agus earnáil. Cuimsíonn na bagairtí sin réimse leathan gníomhaíochtaí, amhail ionsaithe fioscaireachta, teagmhais bogearraí éirice, sáruithe sonraí, iarrachtaí atreoraithe sonraisc agus camscéimeanna innealtóireachta sóisialta. Aithníonn muid tromchúis na mbagairtí sin agus aithníonn muid an gá atá le bearta réamhghníomhacha chun ár mbonneagar digiteach a chosaint.

Inár gClár Riosca Corparáideach, tá stopadh gnó aitheanta ag ETB Dhún na nGall mar thoradh ar ionsaí cibearshlándála mar an riosca is airde rátáil atá os comhair na heagraíochta. Tuigeann muid go bhfuil creat láidir cibearshlándála ríthábhachtach chun muinín ár bpáirtithe leasmhara a chothabháil agus seachadadh seirbhíse gan bhriseadh a chinntiú. Mar chuid dár dtiomantas, tá roinnt beart curtha i bhfeidhm againn chun cibear-rioscaí a mhaolú agus ár gcibearchosaintí a fheabhsú.

I measc na mbeart atá déanta ag ETB Dhún na nGall chun ár gcíbearchosaintí a neartú tá:

- Gach líonra a thógáil agus a dhaingniú ag baint úsáid as Ard-Frithvíreas Ionad Oibríochtaí Slándála/Bainistíocht Teagmhais Slándála (SOC)/(SEIM) chun timpeallacht oibre shábháilte a chruthú do gach ball foirne agus mac léinn.
- Feasacht leanúnach ar fhioscaireacht a athbhreithniú agus a athnuachan i measc na foirne go léir agus ardoiliúint tiomnaithe cibearshlándála a chur ar fáil don phríomhfhoireann.
- Ardslándáil críochphointe a chur i bhfeidhm ar gach gléas móibíleach de chuid an ETB.
- Mol Ábhar Digiteach a fhorbairt ar bhonn leanúnach chun físeáin teagaisc thapa, éasca le húsáid a sholáthar don fhoireann agus do scoláirí; an acmhainn sin a chur ar fáil don fhoireann, do scoláirí agus do thuismitheoirí i Scoileanna agus i FET.
- Lean ar aghaidh le Windows 11 a rolladh amach chun an timpeallacht oibre is úire agus is sábháilte a chinntiú.

## Cosaint Leanaí

Deimhníonn ETB Dhún na nGall go bhfuil Polasaí maidir le Cosaint Leanaí i bhfeidhm don eagraíocht, a forbraíodh de réir Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí do Bhunscoileanna agus Iar-bhunscoileanna 2017 (Nósanna Imeachta um Chosaint Leanaí) faoi mar a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais.





## Gníomhú ar son na hAeráide, Bainistiú Fuinnimh agus Inbhuanaitheacht

D'fhoilsigh an Rialtas an Plean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide le linn 2021. I measc cuspóirí eile, leagtar amach sa Phlean spriocanna do chomhlachtaí poiblí:

- Astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú 51% faoi 2030.
- An feabhas ar éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú ón sprioc 33% in 2020 go dtí 50% faoi 2030.

Aithníonn ETB Dhún na nGall an géarghá le dul i ngleic leis an athrú aeráide agus cleachtais inbhuanaithe a chur chun cinn. Mar eagraíocht atá tiomanta d'oideachas agus oiliúint ardchaighdeáin a sholáthar, tuigeann muid an ról ríthábhachtach atá againn maidir leis an chéad ghlúin eile a mhúnlú agus sochaí inbhuanaithe a chothú.

In 2022, bhunaigh ETB Dhún na nGall grúpa oibre ar a raibh Stiúrthóir OSD, Ceann Seirbhísí Corparáideacha agus baill den rannóg Bainistíochta Eastát chun tús a chur leis an obair atá romhainn a scóipeáil amach, chomh maith le sonraí atá ar fáil a bhailiú le cuidiú le tosaíocht a thabhairt do na tionscnaimh a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar na gealltanais atá leagtha amach sa phlean náisiúnta. D'aithin an grúpa roinnt catagóirí tionscnamh chun tosú ag obair i dtreo na nithe seo a leanas:

- Bearta Éifeachtúlachta Fuinnimh
- Laghdú Dramhaíola agus Athchúrsáil
- Soláthar Inbhuanaithe

**Aithníonn muid gur turas leanúnach é ár dturas i dtreo gníomhú ar son na haeráide, bainistíocht fuinnimh agus inbhuanaitheacht. Sna blianta amach romhainn, leanfaidh muid orainn ag tabhairt tosaíochta do na réimsí sin, ag leagan amach spriocanna nua agus ag cur straitéisí nuálacha i bhfeidhm chun ár dtionchar ar an chomhshaol a laghdú tuilleadh agus cur le todhchaí inbhuanaithe do chách.**

## Soláthar

Tá ETB Dhún na nGall tiomanta dá sholáthar a dhéanamh faoin tsamhail soláthair náisiúnta a chomhaontaigh an rialtas, agus faoi phrionsabail an rialachais chorparáidigh a leagtar amach sa Chód Cleachtais um Rialachas ETBanna (CL 0002/2019). Tá sé riachtanach go gcaitear cistí rialtais ar bhealach a bhaineann an luach is fearr ar airgead amach, a chloíonn le beartas an rialtais, treoirlínte náisiúnta agus Treoracha an AE, agus seachadadh inbhuanaithe seirbhísí a sholáthar ag an am céanna. De réir cheanglais ár bPlean Soláthair Chorparáidigh, críochnaíodh an Plean Soláthair Ilbhliantúil in 2022 agus cuireadh faoi bhráid BOOÉ é chun pleanáil straitéiseach réitigh soláthair náisiúnta don earnáil amach anseo a éascú.

I gcásanna nach bhfuil meicníocht chuí i bhfeidhm ag an tsamhail soláthair náisiúnta do cheannach áirithe (creat/tarraingt anuas), tá sé i gceist ag ETB Dhún na nGall cloí leis na treoirlínte soláthair phoiblí ábhartha atá ar fáil ó shuíomh Gréasáin na hOifige um Sholáthar Rialtais agus beartais agus nósanna imeachta comhaontaithe earnála.

I gcomhréir le hImlitir 10/14: Tionscnaimh chun cabhrú le fiontair bheaga agus mheánmhéide i soláthar poiblí, féachann ETB Dhún na nGall le rannpháirtíocht ar bhonn cothrom agus comhionann ag fiontair bheaga agus mheánmhéide a spreagadh, trí struchtúr 'crannchuir' a chur i bhfeidhm nuair is féidir, teagmháil a dhéanamh leis an Oifig Fiontair Áitiúil i nDún na nGall, agus 'Faisnéisiú Tairgeoirí' a óstáil chun an margadh a chur ar an eolas faoi na riachtanais.

Seachadadh raon tionscadal soláthair eagraíochtúil in 2022 lena n-áirítear Córas Tairisceana agus Bainistíochta Conarthaí a Chur i bhFeidhm, áit a raibh muid ar cheann de cheithre ETB a raibh an córas sin beo againn in 2022. D'éirigh linn creataí a bhunú chun trealamh seomra ranga agus troscán scaoilte a sholáthar chun rochtain thráthúil agus éifeachtúil ar earraí riachtanacha a chumasú dár scoileanna agus ionaid.

**Soláthar** ar lean.

Bhí seirbhísí aistriúcháin ilteangacha de dhíth chun freastal ar riachtanais na mac léinn nua go Dún na nGall mar thoradh ar an chogadh san Úcráin. Fuarthas earraí agus seirbhísí ginearálta fosta lena n-áirítear Tomhaltáin Innealtóireachta, Trealamh TF, seirbhísí oiliúna Sláinte agus Sábháilteachta agus Seirbhísí Bainistíochta Tionscadail. Tá ETB Dhún na nGall tiomanta do Sholáthar Poiblí Glas a chur i bhfeidhm agus de réir threoir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, cuireadh Critéir Ghlasa san áireamh i ngach tairiscint ábhartha in 2022.

Tá soláthar ag ETB Dhún na nGall ag obair i dtreo leibhéil chomhlíonta a mhéadú agus luach ar airgead a bhaint amach ag an am chéanna. Tá sé mar aidhm ag ár rannóg soláthair teagmháil a dhéanamh leis na páirtithe leasmhara go léir le luach a chur le ETB Dhún na nGall trí sholáthar.

## Cumarsáid

Lean ETB Dhún na nGall ag cur a chuid oibre chun cinn agus ag cur béime ar a lán poiblíochta trí réimse leathan bealaí in 2022, lena n-áirítear cló, craoladh, ar líne agus fríd na meáin shóisialta.

### Seo a leanas roinnt príomhtháscairí feidhmíochta do 2022:

— 1,844 mír sna meáin chlóite, ar líne agus na meáin chraolta le linn 2022, rud a léiríonn méadú 42% ar chlúdach na meán ó 2021.
— Ba é Oideachas Pobail príomhábhar ETB Dhún na nGall; bhí roinnt réimsí seirbhíse d'fhostóirí i gceist fosta.
— Ba é an foinse is mó den chlúdach sin ná meáin chlóite agus ba iad na nuachtáin réigiúnacha an cineál foinse ba choitianta.
— D'fhéadfadh 92.53 milliún duine rochtain a fháil ar na míreanna sin ar fad sna meáin éagsúla; bhí 'scór meán' maith ann, i bhfad níos airde ná an tagarmharc de 50/100.

Bhí orainn i bhfad níos mó cumarsáide a dhéanamh leis na meáin in 2022 mar gheall ar thragóid an Chraoslaigh; bhí mic léinn agus tuismitheoirí ónár scoil i mBaile na nGallóglach thíos léi.

### Is fiú aird a tharraingt ar roinnt míreanna craolta in 2022:

— Mar thoradh ar sheoladh an chéad chúrsa fíodóireachta deimhnithe sa chontae, bhí go leor poiblíocht dhearfach ann don chúrsa agus d'ETB Dhún na nGall, lena n-áirítear tuairisc ar nuacht RTÉ Six One Dé Máirt, 26 Aibreán a bhfuil lucht féachana measta de níos mó ná 433,000 aici. Bhí 147,000 amharc ar an tuairisc sin fosta ar leathanach Facebook RTÉ ó gach cearn den domhan. Chomh maith leis sin, rinne BBC Alba in Albain tagairt do sheoladh an chúrsa úir.
— Ar phodchraoladh Highland Radio (Eipeasóid 83) bhí Gairmscoil Chú Uladh, ag plé a gcomhpháirtíocht le Optum chun tacú leo a bheith ar an chéad scoil Ghaeilge sa tír a ghlac páirt sa chlár 'Saothar an tSaoil' trí mheán na Gaeilge, atá á reáchtáil ag Gnó sa Phobal in Éirinn (GPÉ).
— I ndiaidh gur éirigh le Coláiste an Eargail Dúshlán Náisiúnta Bhanc na hÉireann (Money Smarts) a bhaint, cuireadh agallamh ar an mhúinteoir Evan Gorrell agus ar an Phríomhoide Danny McFadden agus ar na daltaí ar an phodchraoladh ar an 1 Meitheamh (Eipeasóid 94), agus ar an 14 Nollaig (Eipeasóid 122). Labhair múinteoir ó Choláiste an Earagail, David McHale, ar an phodchraoladh sin fosta faoin tsaotharlann úr ETIM agus Códúcháin sa scoil a fuair maoiniú ó Optum.
— Labhair Tara McGuire, Oifigeach Earcaíochta Breisoideachais agus Oiliúna, ar an phodchraoladh ar an 8 Meitheamh (Eipeasóid 95) faoi chúrsaí Breisoideachais agus Oiliúna.

Eagraíodh roinnt agallamh leis na meáin chraolta in 2022 fosta. Mar thoradh ar thragóid an Chraoslaigh Dé hAoine, 7 Deireadh Fómhair, labhair Stiúrthóir Scoileanna ETB Dhún na nGall ar Morning Ireland (RTÉ Raidió 1) Dé Luain 10, Deireadh Fómhair faoi na tacaíochtaí a bhí á bhfáil ag an scoil, agus labhair an Príomhfheidhmeannach ar Nuacht TG4 faoi fosta.



ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022
An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú

Labhair sí fosta ar Nuacht TG4 ar an 6 Nollaig faoi bhéilí scoile agus faoin ghéarchéim costais maireachtála ag Cruinniú Eolais BOOÉ do bhaill an Oireachtais i mBaile Átha Cliath. Chuir Highland Radio agallamh ar Stiúrthóir na Scoileanna ar a phríomhchlár 'Naoi go dtí meán lae' ar an 07 Nollaig faoi earcú múinteoirí.

D'eisigh an Oifig Cumarsáide naoi bpreasráiteas is fiche in 2022 chun na meáin chlóite, raidió agus ar líne a phriontáil de réir mar is cuí agus iad a phostáil ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall (Béarla agus Gaeilge) agus a roinnt ar a ardáin éagsúla meán sóisialta, ag clúdach gach gné den eagraíocht – Corparáideach (5) Scoileanna (6) agus Seirbhísí Breisoideachais agus Oiliúna (FET) (23). Fuair roinnt scoileanna de chuid ETB Dhún na nGall clúdach fairsing ar réimse gníomhaíochtaí i rith na scoilbhliana sna meáin chlóite áitiúla agus ar líne.

In 2022 bhí 286,739 úsáideoir ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall, agus ba úsáideoirí nua iad 283,269 díobh, mar aon le 676,136 amharc leathanaigh.

B'ionann é sin agus méadú 83.44% ar úsáideoirí, méadú 88.18% ar úsáideoirí nua agus méadú 18.53% ar amhairc leathanaigh ar 2021.

Cuireadh Analytics i bhfeidhm ar bhlag ETB Dhún na nGall, https://donegaletb.ie/blog/ (a thosaigh i mí Eanáir 2021), ó Shamhain 2022 ag taispeáint 12.4k amharc leathanaigh i mí na Samhna agus i mí na Nollag.

Lean ETB Dhún na nGall ag obair go straitéiseach leis na meáin áitiúla ar líne (Donegal Daily) chun seasamh Breisoideachais agus Oiliúna (FET) a chur chun cinn, rud a chuireann infheictheacht agus seasamh ETB Dhún na nGall chun cinn. Foilsíodh dhá fhógra dhéag a dhíríonn ar réimse áirithe foghlama laistigh den tSeirbhís Breisoideachais agus Oiliúna trína hiar-mhic léinn in 2022, mar aon le ceithre scéal mac léinn breise chun an tAonach Breisoideachais agus Oiliúna a chur chun cinn. Le chéile ghin siad seo beagnach trí cheathrú de mhilliún amharc agus ráta rannpháirtíochta Facebook de 44.97% (0.27% an meánráta rannpháirtíochta do Facebook).



**Cumarsáid** ar lean.

Rinneadh go leor oibre caidrimh poiblí ar thrí fheachtas go háirithe in 2022:

— Seoladh Ráiteas Straitéise nua ETB Dhún na nGall an 31 Márta lena n-áirítear físeán bolscaireachta a chruthú i mBéarla agus i nGaeilge agus scríobh an Príomhfheidhmeannach blag, agus bhí poiblíocht sna meáin áitiúla ag gabháil leis.
— Osclaíodh Ionad nua Breisoideachais agus Oiliúna ar an 11 Bealtaine ar Bhóthar an Phoirt i Leitir Ceanainn, ina raibh an clár raidió 'Around the North West' á chraoladh go seachtrach ag Highland Radio.
— Tugadh an tAonach Faisnéise agus Treorach FET bliantúil ar ais den chéad uair le trí bliana agus cuireadh an t-imeacht go mór chun cinn ar fud na meán clóite áitiúil, na meán craolta agus ar líne.

Bhí ETB Dhún na nGall, a scoileanna, an tSeirbhís FET, Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh Ghartáin agus an tseirbhís Ceoil, an-ghníomhach ar roinnt ardán meán sóisialta lena n-áirítear Facebook, Instagram, Twitter, YouTube agus LinkedIn.

**Tuarascáil ar an mBearna Phá idir na hInscní 2022**

Thug an tAcht um Fhaisnéis faoin mBearna Phá idir na hInscní, 2021 isteach an bonn reachtach le haghaidh tuairisciú ar an bhearna phá idir na hinscní. Ceanglaítear leis na rialacháin ar eagraíochtaí a bhfuil os cionn 250 fostaí acu tuairisc a thabhairt ar a mbearna pá inscne in 2022. Bhí an chéad Tuarascáil ar Bhearna Phá idir na hInscní de chuid ETB Dhún na nGall bunaithe ar léargas ar fhostaithe ar an 29 Meitheamh, 2022, agus clúdaíonn sí an tréimhse tuairiscithe ón 30 Meitheamh 2021 go dtí an 29 Meitheamh, 2022. Is é an bhearna phá idir na hinscní an difríocht idir meánphá in aghaidh na huaire d'fhir agus do mhná in eagraíocht, beag beann ar a sinsearacht.

Ar an iomlán, is é an miondealú inscne:

— Fireann 28% Baineann 72%
— Páirtaimseartha: Fireann 25% Baineann 75%
— Lánaimseartha: Fireann 30% Baineann 70%

**Léiríonn an tuarascáil Meán-Bhearna Pá Inscne de 10.53% agus Bearna Pá Airmheánach Inscne de 15.91%.**

Is é an chúis atá leis na difríochtaí inscne ná go bhfuil níos mó ban fostaithe ag ETB Dhún na nGall ná fir ag beagnach gach grád, mar sin d'fhéadfaí an cheist a chur maidir le cén fáth go bhfuil bearna pá inscne ann. Léiríonn ár n-anailís gur mná inár ETB den chuid is mó atá ag baint leas as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh. Sa chás go roghnaíonn fostaithe leas a bhaint as postroinnt/comhoinnt oibre, bliain oibre níos giorra srl. laghdaítear a mbonnphá bliantúlaithe agus toisc gur mná inár ETB den chuid is mó a bhaineann leas as scéimeanna a thacaíonn le teaghlaigh, tagann bearna pá inscne chun cinn. Leanfaidh ETB Dhún na nGall ag déanamh anailíse agus ag tabhairt aghaidh ar léargais ónár dtuarascálacha bliantúla ar an bhearna Pá Inscne agus ag forbairt gníomhartha agus tionscnaimh de réir mar is gá sna blianta amach romhainn chun aghaidh a thabhairt ar aon saincheisteanna a thagann chun cinn, i gcomhairle leis an Roinn Oideachais/ DFHERIS, nuair is cuí. Tá an tuarascáil iomlán ar fáil ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall agus is féidir teacht uirthi tríd an nasc seo a leanas: https://www.donegaletb.ie/donegal-etb/publications-resources/.



**Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí) 2020**

In 2022 rinne ETB Dhún na nGall píosa mór oibre chun a oibleagáidí dlíthiúla a chomhlíonadh faoi Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Inrochtaineacht Suíomhanna Gréasáin agus Feidhmchláir Mhóibíleacha Chomhlachtaí na hEarnála Poiblí) 2020 a tháinig i bhfeidhm in Éirinn ar an 23 Meán Fómhair 2020. Ceanglaítear leis an Treoir maidir le hInrochtaineacht ar Láithreáin Ghréasáin an AE, mar a thugtar uirthi, ar gach comhlacht san earnáil phoiblí a chinntiú go bhfuil a láithreáin ghréasáin agus a bhfeidhmchláir mhóibíleacha inrochtana do gach duine, lena n-áirítear daoine faoi mhíchumas. Ainmnítear an tÚdarás Náisiúnta Míchumais (NDA) mar Chomhlacht Monatóireachta Náisiúnta na hÉireann i Rialacháin 2020 agus cuireann sé a thuarascálacha monatóireachta faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh.

Sonraítear dhá chineál athbhreithnithe i gCinneadh Cur Chun Feidhme 2018/1054 ón Choimisiún - Athbhreithnithe Mionsonraithe agus Simplithe. I mí Aibreáin 2022 chuir an NDA in iúl d'ETB Dhún na nGall go ndearna sé Athbhreithniú Simplithe ar a shuíomh gréasáin a raibh Scór Inrochtaineachta an-íseal bainte amach aige, díreach os cionn 9%. Thar na seacht mí ina dhiaidh sin d'oibrigh Oifigeach Cumarsáide agus Ceann TF ETB Dhún na nGall, ag gníomhú mar Theagmhálaí Ainmnithe agus Leas-Teagmhálaí Ainmnithe faoi seach leis an NDA, in éineacht le AEO, forbróir an láithreáin gréasáin agus dearthóir grafach, chun an scór inrochtaineachta sin a mhéadú. Áiríodh leis sin an ceanglas dlíthiúil Ráiteas Inrochtaineachta láithreán gréasáin a chur san áireamh ar an láithreán gréasáin a thugann aghaidh ar a stádas comhlíonta.

Chuir an chroífhoireann sin an méid ollmhór oibre sin i gcrích gan aon acmhainní foirne breise curtha ar fáil agus tháinig méadú ar Scór Inrochtaineachta an láithreáin gréasáin go dtí os cionn 72% faoi Shamhain 2022.

Dar le tuarascáil faireacháin leantach a chuir an NDA faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh (Tuarascáil Monatóireachta na hÉireann do Threoir Inrochtaineachta Gréasáin an AE - 2021 forlíontach, Samhain 2022) bhí an méid seo a leanas amhlaidh faoi shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall as na 185 suíomh Gréasáin san earnáil phoiblí a bhí faoi réir Athbhreithniú Simplithe idir Eanáir agus Deireadh Fómhair 2022:

— Scóir inrochtaineachta (lch 49): *"Níor bhain ach 7.5% de shuíomhanna gréasáin Scór Inrochtaineachta de 90% nó níos airde amach. I gcodarsnacht leis sin, bhí Scór Inrochtaineachta 10% nó níos lú ag 28% de láithreáin ghréasáin. Chuir roinnt suíomhanna gréasáin feabhas suntasach ar a scór le linn na tréimhse monatóireachta. … Léirigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall an feabhas is láidre, ag dul ó scór 10% i mBealtaine 2022 go 73% i mí na Samhna 2022 ."*

— Earraídí agus Scór Inrochtaineachta in aghaidh an tsuímh – Institiúidí breisoideachais agus oiliúna (lch.62): *"Mar aon le hearnálacha eile a ndearnadh anailís orthu sa chuid seo den tuarascáil, bhí éagsúlacht mhór sa Scór Inrochtaineachta ar láithreáin ghréasáin a ndearnadh athbhreithniú orthu. Is fiú a lua go bhfuil líon na n-earráidí laghdaithe de réir a chéile ag ETB Dhún na nGall, a bhfuil na suíomhanna gréasáin is airde scór aige san earnáil sin, agus go bhfuil dul chun cinn ar leith déanta acu maidir le dul i ngleic le hinrochtaineacht PDFanna tosaíochta thar an tréimhse monatóireachta."*

## Seirbhísí Corparáideacha

Cuireann an Roinn Seirbhísí Corparáideacha in ETB Dhún na nGall tacaíocht ar fáil don eagraíocht i réimsí éagsúla. Áirítear iad seo a leanas orthu sin:

- Oibríochtaí an Bhoird: cuidíonn sé le hoibríochtaí foriomlána an Bhoird a bhainistiú agus a chomhordú laistigh d'ETB Dhún na nGall.
- Rialachas Corparáideach: Comhlíonadh le prionsabail agus cleachtais rialachais chorparáidigh a chinntiú, trédhearcacht agus cuntasacht a chur chun cinn.
- Bainistíocht Riosca: Rioscaí don eagraíocht a aithint, a mheas agus a bhainistiú, ag cinntiú go bhfuil straitéisí cuí maolaithe riosca i bhfeidhm.
- Gníomhú ar son na haeráide, bainistiú fuinnimh agus inbhuanaitheacht: Maoirseacht a dhéanamh ar thionscnaimh a bhaineann le gníomhú ar son na haeráide, bainistiú fuinnimh agus inbhuanaitheacht, ag obair i dtreo an tionchar ar an chomhshaol a laghdú.
- Bainistíocht Eastát: Scoileanna agus ionaid na heagraíochta a bhainistiú agus a chothabháil.
- Árachas: Déantar gach ábhar árachais a bhainistiú laistigh den Roinn Seirbhísí Corparáideacha.
- Sláinte, Sábháilteacht agus Leas ag an Obair: Freagracht as timpeallacht oibre shábháilte agus shláintiúil a chur chun cinn agus a chothabháil d'fhostaithe, do mhic léinn agus do chonraitheoirí.
- Bainistíocht Sonraí: Maoirseacht ar chleachtais bainistíochta sonraí, lena n-áirítear cosaint sonraí, iarratais ar shaoráil faisnéise, freagraí ar cheisteanna parlaiminteacha, agus comhlíonadh rialachán ábhartha.
- Cumarsáid: Déileáil le cumarsáid inmheánach agus sheachtrach, ag cinntiú bealaí cumarsáide éifeachtacha laistigh den eagraíocht agus le páirtithe leasmhara.
- Scéim na dTeangacha Oifigiúla: Tagraíonn sé sin d'Acht na dTeangacha Oifigiúla, 2003 agus leasú 2021, a chuireann úsáid na Gaeilge chun cinn don eagraíocht.
- Nochtadh Cosanta: Soláthraíonn an reachtaíocht agus an beartas atá i bhfeidhm creat inar féidir le hoibrithe imní a chur in iúl maidir le héagóir fhéideartha san ionad oibre. Níor thuairiscigh ETB Dhún na nGall aon nochtadh cosanta in 2022. Féach an nasc seo lenár dTuarascáil Bhliantúil ar Nochtadh Cosanta: Nochtadh Cosanta
- Seirbhísí Tacaíochta Riaracháin: Cuireann Seirbhísí Corparáideacha tacaíocht riaracháin ar fáil do Bhord agus do Phríomhfheidhmeannach ETB Dhún na nGall.
- Seirbhís do Chustaiméirí: A chinntiú go gcoinnítear ardchaighdeán seirbhíse do chustaiméirí i ngach idirghníomhaíocht leis an phobal.





## Forbairtí Gaeilge

Is é is aidhm le hAcht na dTeangacha Oifigiúla 2003 an Ghaeilge a chur chun cinn chun críocha oifigiúla sa Stát, i gcumarsáid leis an phobal agus i soláthar seirbhísí don phobal. Tá dualgas ar gach comhlacht poiblí atá ainmnithe faoin Acht scéim teanga a ullmhú nuair a iarrann an tAire Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta air déanamh amhlaidh faoi alt 11 den Acht.

Thug ETB Dhún na nGall a scéim Gaeilge 2021-2023 cothrom le dáta, le húsáid na Gaeilge laistigh den eagraíocht a fheabhsú.

Mar pháirt den Lá Ionduchtúcháin bliantúil do mhúinteoirí nuacheaptha seachadadh modúl ar mhúineadh trí Ghaeilge do mhúinteoirí atá ag múineadh inár nGaelcholáistí agus i Scoileanna Gaeltachta.

# Tosaíocht 2

**Tacú lenár bhfoireann go léir barr a gcumais a bhaint amach agus a róil a chomhlíonadh de réir na gcaighdeán gairmiúil is airde.**

## Acmhainní Daonna

Soláthraíonn an fhoireann Acmhainní Daonna seirbhísí tacaíochta d'fhostaithe agus do bhainisteoirí líne ar raon réimsí Acmhainní Daonna lena n-áirítear leithdháiltí foirne, earcaíocht agus coinneáil, conarthaí fostaíochta, oibríochtaí Acmhainní Daonna, beartais agus nósanna imeachta Acmhainní Daonna, folláine foirne, clár cúnaimh d'fhostaithe agus pinsin.

## Folláine foirne

Tacaíonn Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall le folláine na foirne go léir trí Churadh Folláine Foirne ainmnithe na scoile agus an ionaid a bhfuil sé mar ról aige faisnéis agus imeachtaí a bhaineann le folláine na foirne a chur chun cinn, mar shampla, Tionscnaimh Éire Shláintiúil agus Faisnéis agus Feasacht Sláinte FSS. Tionóladh cruinniú bliantúil maidir le folláine san Ionad Oibre 2022 i mí Feabhra chun imeachtaí a phleanáil don bhliain, lena n-áirítear lá oiliúna i mí na Samhna 2022 do na Seaimpíní folláine ag Ionad Oideachais Allamuigh Ghartáin. Áiríodh leis an oiliúint téamaí ar nós 'Coincheapa folláine a Thuiscint' agus 'Ról Curadh Folláine a Shainiú.' Chuir an tOifigeach Leasa Fostaithe faisnéis ar fáil fosta maidir le ról an phoist sin.

### Samplaí d'imeachtaí folláine a reáchtáladh in 2022:

— Cócaireacht, siúl, clubanna leabhar
— Caint gharraíodóireachta an earraigh
— Déan giota beag Léitheoireachta
— Siúlóid ag an Ardaidh
— Lá Náisiúnta Folláine san Ionad Oibre
— Caint maidir le hailse cíche
— Sláinte na bhfear
— Seisiún faisnéise maidir leis an mheanapás
— Seimineár gréasáin faoi chothromaíocht teicneolaíochta is saoil



ETB Dhún na nGall Tuarascáil Bhliantúil 2022
An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú





## Forbairt Ghairmiúil Leanúnach (FGL)

Cuireann ETB Dhún na nGall deiseanna ar fáil do gach ball foirne iarratas a dhéanamh ar chúrsaí/oiliúint um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach a bhaineann lena ról mar chuid dá bhforbairt ghairmiúil leanúnach le linn a ngairmréime agus iad fostaithe ag ETB Dhún na nGall. Is féidir leis an fhoireann iarratas a thionscnamh chun freastal ar oiliúint shonrach FGL dá mbainisteoir líne nó freagra a thabhairt ar léirithe spéise chun freastal ar FGL arna scaipeadh ag an Roinn Acmhainní Daonna agus/nó ag an Chomhordaitheoir Forbartha Gairmiúla agus Feabhsaithe Teicneolaíochta FET.

**Tugtar tacaíocht airgeadais do mhúinteoirí agus do theagascóirí le cuidiú le mic léinn barr a gcumais a bhaint amach. Tugann baill foirne eile faoi FGL a sholáthraíonn ETB Dhún na nGall.**

I measc roinnt samplaí de FGL a cuireadh i gcrích in 2022 tá:

— PowerPoint a úsáid níos fearr
— Scileanna cur i láthair
— Ardchúrsa Excel
— Dlí Fostaíochta
— Bainistíocht Tionscadail
— Ceannaireacht agus Bainistíocht
— Iarnóin leis an gharraíodóir Gareth Austin in Ionad Oiliúna Leitir Ceanainn
— Feabhas a chur ar scileanna oideolaíochta múinteoirí, ar eolas ábhair, agus ar úsáid na dteicneolaíochtaí éagsúla
— Oiliúint feasachta idirchultúrtha
— Oiliúint ar sheirbhís do chustaiméirí

## Ionduchtú

Cuireann bainisteoirí líne ETB Dhún na nGall ionduchtú áitiúil ar fáil do gach fostaí úr. In 2022 thosaigh an Roinn Acmhainní Daonna, i gcomhairle le Ceann TF, ag obair ar phróiseas ionduchtaithe ar líne a fhorbairt do gach ball foirne lena chur i bhfeidhm in 2023.

Bíonn ionduchtú múinteoirí ar siúl i rith mhí Lúnasa gach bliain. I measc na dtéamaí a chuir lucht Bainistíochta Sinsearaí ar fáil do mhúinteoirí nuacheaptha in 2022 bhí Comhthéacs agus Forbhreathnú ar ETB Dhún na nGall, faisnéis a bhaineann le hacmhainní daonna, Cumhdach Leanaí, na Meáin Shóisialta i Scoileanna, TFC, Pleanáil Churaclaim agus Cruthú Ábhair, Croíluachanna Scoileanna ETB, Rúin Foghlama, Éiteas i Scoileanna ETB agus Oifigeach Tacaíochta Gaeilge.

## Socruithe Solúbtha Oibre

Is é an 1 Feabhra go ginearálta an dáta deiridh bliantúil chun iarratais a fháil ar Acmhainní Daonna ón fhoireann chun iarratas a dhéanamh ar shocruithe oibre solúbtha (socruithe maidir le cothromaíocht oibre is saoil a thugtar air fosta) don scoilbhliain acadúil atá le teacht. Áirítear leis na socruithe Sos Gairme, Postroinnt, Comhroinnt Oibre, Aistriú agus Iasacht don fhoireann ábhartha. Tá gach faomhadh faoi réir riachtanais ETB Dhún na nGall a chomhlíonadh agus i gcomhairle leis an bhainisteoir líne. Tá mioneolas agus foirmeacha iarratais maidir leis na socruithe oibre éagsúla ar fáil ar an láithreán gréasáin.





## Beartas Oibre Cumaisc

Cuireann ETB Dhún na nGall socruithe solúbtha oibre chun cinn agus ceadaíonn sé iarratais maidir le freastal ar riachtanais na seirbhíse. Cuireadh tús le hobair in 2022 ar dhréacht-Bheartas Oibre Cumaisc chun creat a sholáthar inar féidir le ETB Dhún na nGall socruithe oibre cumaisc a thionscnamh agus a oibriú lena n-áirítear socruithe oibre cumaisc i.e., idir an oifig agus go cianda. D'fhéadfadh an beartas, a fhorbraítear bunaithe ar shocruithe eatramhacha a sholáthar ar bhonn trialach, a bheith faoi réir athraithe ar feitheamh reachtaíocht náisiúnta agus / nó treoirlínte na Roinne Oideachais /na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Leag taighde doiciméadaithe ar na buntáistí a bhaineann le hobair chumaisc béim ar na buntáistí iomadúla a bhaineann leis an tsocrú sin.

## Dualgas na hEarnála Poiblí - Comhionannas agus Cearta an Duine (Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú/EDI)

Tá Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall, mar chomhlacht poiblí, freagrach as comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a chuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a mbeartais agus a bpleananna i bhfeidhm orthu a chosaint faoi Dhualgas na hEarnála Poiblí um Chomhionannas agus Cearta an Duine, Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

Ceanglaítear ar ETB Dhún na nGall a Dhualgas Earnála Poiblí a mheas, aghaidh a thabhairt air agus tuairisc a thabhairt air, lena n-áirítear measúnú ar na saincheisteanna cearta daonna agus comhionannais a bhaineann lena fheidhmeanna agus lena chuspóir; aghaidh a thabhairt ar na beartais, na pleananna agus na gníomhartha atá i bhfeidhm, nó atá beartaithe, chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna sin agus tuairisciú bliantúil a dhéanamh ar fhorbairtí agus ar ghnóthachtálacha.

Bunaíodh Grúpa Fócais um Éagsúlacht agus Cuimsiú Comhionannais in 2022 le ballraíocht ó Bhainisteoirí Sinsearacha ar fud na heagraíochta. Fostaíodh Values Lab le cuidiú le roinnt ceardlann a raibh sé mar aidhm acu ár gcumas a neartú chun cur chuige éifeachtach a cheapadh agus tacú le cur i bhfeidhm an dualgais.

## Tacaíocht Riaracháin

Thug ETB Dhún na nGall faoi phróiseas earcaíochta le Painéal Oifigeach Cléireachais Grád III a bhunú ar feadh tréimhse bliana le haghaidh folúntais cheadaithe idir phoist bhuana, phoist ar théarma seasta agus/nó phoist ar chonradh sainchuspóra. Tá ceapacháin earcaíochta faoi réir cheadú na Roinne Oideachais, DFHERIS nó SOLAS nó na Roinne Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige de réir mar is cuí, nó i gcás Obair Thionscadail, an ceadú chun baill foirne a cheapadh le cloí le spriocdhátaí ar leith, tionscadail ar cuireadh maoiniú sonrach ar fáil dóibh m.sh. Tionscadal Seirbhísí Comhroinnte Párolla ESBS a thosaigh in 2022 agus atá le dul beo ó Ráithe 1 2024.

## Cumann na mBall Foirne ar Scor

Sheol ETB Dhún na nGall Cumann na mBall Foirne ar Scor i mí na Samhna 2022. Tháinig coiste foirmithe ar a raibh roinnt ball foirne ar scor, le tacaíocht curtha ar fáil ó stiúrthóireacht OSD laistigh d'ETB Dhún na nGall, tháinig sé le chéile roinnt uaireanta in 2022, agus tá sé beartaithe Cruinniú Cinn Bliana tionscnaimh a reáchtáil go luath in 2023.

**6.3 Príomhthéama 3**



# Oibriú le comhpháirtithe

## Tosaíocht 1

Beidh ról ceannasach againn maidir le comhpháirtíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a bhunú a fheabhsóidh torthaí oideachais, sóisialta agus eacnamaíocha do Dhún na nGall.

## Tosaíocht 2

Forbróidh muid tuilleadh nasc le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le cuidiú le Dún na nGall a bheith ina áit iontach le foghlaim, le maireachtáil agus le bheith ag obair ann.



# Tosaíocht 1

**Beidh ról ceannasach againn maidir le comhpháirtíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a bhunú a fheabhsóidh torthaí oideachais, sóisialta agus eacnamaíocha do Dhún na nGall.**

Oibríonn ETB Dhún na nGall le comhpháirtithe ar nós Comhpháirtíocht Spóirt Dhún na nGall, Comhairle Contae Dhún na nGall, Údarás na Gaeltachta, OTA, Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall agus Coiste Forbartha Pobail Áitiúil Dhún na nGall le cuidiú le straitéisí a cheapadh agus a chur i bhfeidhm don chontae.

Tá ionadaíocht ag ETB Dhún na nGall ar Bhoird OTA, Comhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain agus Comhlacht Forbartha Áitiúil Dhún na nGall CLG agus oibríonn sé go dlúth le réimse grúpaí pobail le cuidiú le deiseanna maoinithe agus le soláthar seirbhíse ábhartha.

Tá ETB Dhún na nGall ina bhall de Bhraisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt lena n-áirítear OTA, Ollscoil Uladh agus NWRC. Tá an bhraisle ag obair chun aghaidh a thabhairt ar oideachas agus oiliúint trasteorann trí fhaisnéis a chur ar fáil agus cosáin iontrála a éascú agus ar an dóigh sin an oiread daoine agus is féidir a choinneáil i Réigiún Cathrach an Iarthuaiscirt.


### Comhpháirtíochtaí Pobail

De réir mar a tháinig pobail le chéile arís; bhí tionchar diúltach ag an phaindéim ar feadh dhá bhliain ar sheachadadh oideachais phobail. Mar thoradh air sin seachadadh 511 cúrsa in 2022, suas ó 295 in 2021. Leanadh de thacaíocht FET d'fhorbairt inbhuanaithe trína chomhoibriú le tionscadal ChangeMakers Chomhpháirtíocht Forbartha Inis Eoghain, a rinne ceiliúradh ar a deichiú bliain in 2022. Reáchtáladh ócáid cheiliúrtha in Óstán an Ghrianáin, An Bheart, leis an ócáid agus an méid atá bainte amach ó 2012 a cheiliúradh.

**Comhpháirtíochtaí Pobail** ar lean.

D'oibrigh an tSeirbhís Tacaíochta d'Oideachas Pobail agus an tSeirbhís Oideachais Bhunúsaigh i gcomhar lena gcomhghleacaithe agus lena gcomhpháirtithe i bpobail ar fud an chontae chun fáilte a chur rompu siúd a theith ón chogadh san Úcráin. D'oibrigh siad i gcomhar lena chéile le freastal ar riachtanais éagsúla na bpobal a d'oscail a ndoirse do dhaoine eile le linn géarchéime.

## Lean comhoibriú agus comhpháirtíocht leis an earnáil pobail agus dheonach ag imirt ról tábhachtach in obair na Seirbhíse Breisoideachais agus Oiliúna in 2022.





**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022

An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú






# Rannpháirtíocht Fiontraíochta

--

In 2022, bhí cur chuige comhordaithe ag Rannpháirtíocht Fiontraíochta (Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna - Scileanna chun Dul Chun Cinn, Scileanna don Obair agus Aitheantas Réamhfhoghlama) chun idirghabhálacha oiliúna a sholáthar ó Leibhéil 1–6 agus rochtain ar chonairí foghlama éagsúla a éascú do mhic léinn ag an am chéanna.








**Le linn 2022, chomhoibrigh ETB Dhún na nGall le líonraí gnó áitiúla chomh maith le dea-chaidrimh a fhorbairt le Comhairle Contae Dhún na nGall trí leas a bhaint as an Ghrúpa Forbartha Eacnamaíochta chomh maith leis an Oifig Fiontair Áitiúil (OFÁ). Bhain muid leas fosta as líonraí níos leithne tríd an Fhóram Scileanna Réigiúnach, an GFT, Grúpaí Oibre Fintech, OTA agus Ollscoil Uladh in iarrachtaí comhoibríocha chun seasamh eacnamaíoch ár gContae a neartú.**

### 1. Scileanna le Dul chun Cinn

Is dúshlán mór é do ghnólachtaí i nDún na nGall tallann a mhealladh agus a choinneáil. Cuidíonn ETB Dhún na nGall leis an dúshlán sin a mhaolú trí chúrsaí oiliúna a chruthú agus trí uasoiliúint a chur ar an fhoireann. In 2022 forbraíodh cúrsa oiliúna Oibríochtaí agus Cothabháil Oibreacha Poiblí i gcomhar le Comhairle Contae Dhún na nGall chun tacú le fórsa saothair oilte a fhorbairt do phoist leibhéal iontrála sna hearnálacha údaráis áitiúil agus tógála. Ceapadh cúrsa oiliúna Innealtóireachta Muirí in 2022 fosta i gcomhpháirtíocht le Grúpa Braisle Muirí na gCealla Beaga chun tallann leibhéal iontrála a sholáthar do thionscail an gheilleagair ghoirm áitiúil nó chun gníomhú mar chonair dul chun cinn chuig printíseachtaí.

Ba phríomhghníomhaíocht in 2022 é comhoibriú le LEO agus leis an Ghrúpa Innealtóireachta Profit Net, ag díriú ar athoiliúint agus athdheimhniú táthaithe le 149 fostaí uasoilte i dtáthú i sé chomhlacht déag. Leathnaigh solúbthacht sheachadadh agus ghairmiúlacht na dteagascóirí ár rochtain ar réimsí oiliúna eile agus dhaingnigh siad ár líonraí.
Lean muid orainn ag obair le Líonra Mhná Gnó Dhún na nGall in 2022 trí oiliúint a a rolladh amach do bhaill an líonra sna réimsí seo a leanas: Barista, Iontaobhas Oideachais um Fhíon agus Biotáille, Scileanna Digiteacha agus Prionsabail na Meán Sóisialta. Eagraíodh an oiliúint mar 'seisiúin lóin agus foghlama ', formáid a d'éascaigh níos mó rannpháirtíochta.

Chuir sé sin ar ár gcumas ár raon feidhme a leathnú chuig micreaghnólachtaí agus comhionannas níos fearr a chur chun cinn trí thacú le mná a ngnólachtaí a fhás. D'oibrigh muid fosta le Coiste Cúraim Leanaí Chontae Dhún na nGall le cúrsa Leibhéal 3 Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta (ILM) a chur ar fáil d'ocht soláthraí cúraim leanaí déag.

In 2022, chuir muid ár gcéad Dámhachtain Sainchuspóra ar fáil ar bhonn píolótach ag Leibhéal 6 san Fhoghlaim Obairbhunaithe le deich gcomhlacht ar fud earnálacha agus ár bhfoireann féin, rud a d'éascaigh comhroinnt iontach idir an tionscal agus an t-oideachas.

Lean muid lenár soláthar Uasoiliúna sa Teicneolaíocht i Python, Excel agus Bonnchúrsa Prince chun tacú le dul chun cinn fostaithe i dtionscal theicneolaíocht an airgeadais. Áiríodh leis sin clár trí seachtaine Acadamh FinTru a chruthú, do chomhlacht úr Fintech i Leitir Ceanainn, ag léiriú slánú tapa agus freagra ar iarratas an GFT ar thacaíocht oiliúna do chomhlachtaí úra.

Ina theannta sin, lean muid ar aghaidh le cúrsa oiliúna deimhnithe dhá bhliain (le linn an tséasúir íseal) i mBainistíocht Maoirseachta san Fháilteachas (City & Guilds). Bunaíodh naisc fosta le Cumann Fíoncheannaithe Dhún na nGall chun tacú lena riachtanais oiliúna trí oiliúint Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 de chuid an Iontaobhais Oideachais um Fhíon agus Biotáille (WSET) a chur ar fáil.

## 2. Scileanna don Obair

Chuir Scileanna don Obair oiliúint ar fáil do ghrúpaí feirmeoireachta, miondíoltóirí, micreaghnólachtaí, gnólachtaí innealtóireachta agus an earnáil fáilteachais in 2022, ag cur uasoiliúint ar bhaill foirne i mbreis agus caoga gnó lena chinntiú nach bhfágfar aon duine ar lár i saol oibre atá ag athrú go tapa.

Lorg an earnáil fáilteachais cúnamh le hoiliúint neamhdheimhnithe chun scileanna na foirne úire agus na foirne atá ann cheana a uasghrádú i ndiaidh dóibh filleadh ar an ionad oibre ón dianghlasáil. I ndiaidh na paindéime, thug an earnáil breac-chuntas ar na deacrachtaí a bhí acu baill foirne a earcú agus a choinneáil. Cruthaíodh oiliúint shaincheaptha maidir le fáilteachas agus Seirbhís do Chustaiméirí le dhá mhac léinn is tríocha ó naoi ngnólacht ag glacadh páirte sa chúrsa foghlama cumaisc a mhair cúig seachtaine.

Riachtanas oiliúna breise ar tugadh aghaidh air go rathúil ná oiliúint Barista a sholáthar; d'éirigh le trí rannpháirtí is fiche ó ocht ngnólacht na cúrsaí sin a chríochnú. Rinne go leor comhlachtaí trácht ar luach na hoiliúna saincheaptha ar an láthair.

In 2022 rinneadh iarratas méadaithe ó gach earnáil ar oiliúint i Microsoft Office, go háirithe Excel, a sheachadadh ar níos mó ná céad duine ó go leor earnálacha mar mhiondíol, bia, muirí, díolacháin, soláthraithe seirbhíse, innealtóireacht, Líonraí BSL, agus foireann FSS.

I gcomhar le Fóram Scileanna an Iarthuaiscirt, reáchtáladh dhá Chlár Explore chun scileanna digiteacha a chur chun cinn do naonúr rannpháirtithe ó thrí chomhlacht, agus cuireadh clár Digi Eco, a chuireann cleachtais inbhuanaitheachta agus scileanna digiteacha chun cinn san ionad oibre, ar fáil fosta do sheisear rannpháirtithe ó chúig ghnólacht.

## 3. Aitheantas Réamhfhoghlama

D'éirigh go maith leis an chlár Inniúlachtaí Fhostaithe na hEarnála Cúraim a Bhailíochtú (VCCSE) a reáchtáladh i mí an Mheithimh 2022. Bhí an clár sin dírithe ar an earnáil Cúraim Sláinte agus ó shin tá RPL á chomhtháthú go hiomlán i Seirbhís Breisoideachais agus Oiliúna ETB Dhún na nGall agus tá sé mar pháirt dár soláthar Rannpháirtíochta Fiontraíochta toisc go bhfuil ról lárnach aige maidir le leas a bhaint as acmhainneacht san ionad oibre agus í a chothú. Le linn 2022, bhí rath ar an tionscadal, ag tairiscint raon leathan deiseanna d'fhostóirí agus d'fhostaithe go dtabharfaí aitheantas agus bailíochtú dá bhfoghlaim agus dá dtaithí san ionad oibre. Thug an próiseas RPL deis do dhaoine cáilíochtaí foirmiúla a bhaint amach agus cur lena gcuid muiníne. Ina theannta sin chuidigh sé linn freastal ar chohórt a raibh deacrachtaí againn leis roimhe sin. D'fhéadfaí a rá go siad rannpháirteach i bhfoghlaim ar feadh an tsaoil mar go raibh siad ag ghlacadh páirte i gcláir mhúinte.

Éacht suntasach amháin a bhain an tionscadal VCCSE amach ná forbairt agus foilsiú na sraithe straitéisí maidir le hAitheantas Réamhfhoghlama (RPL), atá ar fáil ar shuíomh gréasáin ETB Dhún na nGall. Soláthraíonn an tsraith chuimsitheach straitéisí sin treoirlínte, faisnéis agus uirlisí praiticiúla le tacú le Seirbhísí FET ETB go náisiúnta le RPL a thuiscint agus a chur i bhfeidhm. Ina theannta sin, reáchtáil ár bhfoireann seisiúin oiliúna ar fud na tíre ar bheartais agus nósanna imeachta RPL d'ETBanna agus d'institiúidí ardoideachais éagsúla i rith 2022.

In 2022 bhain 255 tairbhí ar fud réimse dámhachtainí Móra agus Miondámhachtainí i gCúram Sláinte, Gnó, Bainistíocht, Riarachán agus Forbairt Pobail cáilíochtaí NFQ Leibhéal 5 agus 6 amach. I dtreo dheireadh 2022, leathnaigh ár soláthar RPL chuig an earnáil Cúraim Leanaí, ag soláthar bailíochtaithe dóibh siúd atá fostaithe cheana féin, agus ar an dóigh sin ag cuidiú le haistriú an chroístruchtúir mhaoinithe agus ag ullmhú do dhíghníomhachtú ar feitheamh an Chláir Chúram agus Oideachas Luath-Óige QQI reatha i mí na Nollag 2023.





## An tSeirbhís Forbartha Oibre Ógra

Trí chaidrimh ghairmiúla agus comhpháirtíochtaí le heagraíochtaí óige áitiúla, grúpaí pobail, gníomhaireachtaí stáit agus údaráis áitiúla, comhlíonann ETB Dhún na nGall a phríomhfheidhm oibre ógra trí thacú le soláthar, comhordú, riarachán agus measúnú seirbhísí oibre ógra ina limistéar feidhme de réir mar a éilítear faoin Acht ETB 2013. Fáiltíonn Seirbhís Forbartha Óige ETB Dhún na nGall roimh thacaíocht agus cúnamh na Rannóige Gnóthaí Óige sa Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige (DCEDIY).

Chuir ETB Dhún na nGall maoiniú deontais ar fáil chun tacú le heagraíochtaí óige freagairt do riachtanais daoine óga faoi na scéimeanna maoinithe seo a leanas in 2022:

1. **UBU D'Áit Do Spás** - Tá sé mar aidhm ag an Scéim tacaíocht a sholáthar do dhaoine óga leochaileacha agus faoi mhíbhuntáiste, atá lonnaithe ina bpobail áitiúla, chun a chur ar a gcumas a lánacmhainneacht a chomhlíonadh trína dtorthaí forbartha pearsanta agus sóisialta a fheabhsú. In 2022 bunaíodh TIONSCADAIL Óige UBU nua in Inis Eoghain agus in Iarthar Dhún na nGall (agus sna hOileáin), arna maoiniú ag an DCEDIY, trí Bhord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall.

Is iad seo a leanas na heagraíochtaí óige a mhaoinítear faoin Scéim UBU:

— Foróige Dhún na nGall
— Foróige Iarthar Dhún na nGall
— Seirbhís Óige Dhún na nGall, Inis Eoghain
— Seirbhís Óige Dhún na nGall
— *Involve Donegal*

2. **Deontas do Chlubanna Óige Áitiúla** - chun cabhrú le clubanna/grúpaí óige áitiúla faoi stiúir oibrithe deonacha clár gníomhaíochtaí oibre óige a sholáthar do dhaoine óga.
3. **Scéim Miondeontais d'Eagraíochtaí Óige/do Chlubanna Óige** - chun tacú le heagraíochtaí óige agus clubanna óige faoi stiúir oibrithe deonacha na costais a íoc a bhaineann le tacaíocht bhreise a sholáthar do dhaoine óga i ndiaidh na tragóide ar an Chraoslach.
4. **Scéim Deontais Trealaimh do Chlubanna Óige/ Mionoibreacha 2022** - deontas beag caipitil le haghaidh trealaimh do chlubanna óige nó d'eagraíochtaí comhchosúla (caipiteal/TFC de chineál chun trealamh a cheannach a mheastar a bheith tairbheach don chlub).
5. **Ionad Eolais don Aos Óg** - cuireann sé faisnéis rúnda saor in aisce ar fáil ar shaincheisteanna atá tábhachtach do dhaoine óga agus dóibh siúd atá ag gníomhú ar a son.
6. **Tionscnamh Spriocdhírithe Infhostaitheachta agus Tacaíochta don Aos Óg** - daoine óga, idir 15-24 bliana d'aois, nach bhfuil i mbun fostaíochta, oideachais nó oiliúna faoi láthair, a fhostú agus tacaíocht a thabhairt dóibh.
7. **Deontas Caipitil do Sheirbhísí Óige faoi stiúir Foirne** - scéim maoinithe do dheontais chaipitil (beaga go meánmhéide) do thionscadail óige, chun trealamh a cheannach agus chun tionscadail athchóirithe caipitil ar scála beag a mhaoiniú.
8. **Tascfhórsa Drugaí; Cosc agus Oideachas** - dírithe ar an dochar a bhaineann le mí-úsáid drugaí a chosc agus/nó a laghdú. Díríonn oideachas ar fhaisnéis a sholáthar agus eolas a mhéadú, dearcaí agus tuairimí a iniúchadh, agus féinmheas agus scileanna sóisialta a fhorbairt.
9. **Tionscnamh Athléimneachta agus Éifeachtachta** - a chuirtear ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin airgeadais leanúnacha agus chun soláthar seirbhíse do dhaoine óga a mhéadú.

## An tSeirbhís Forbartha Oibre Ógra ar lean

10. **Freagra ar Thragóid an Chraoslaigh – DCEDIY** - Chuir Foróige agus Oibrithe Tionscadail UBU Sheirbhís Óige Dhún na nGall clár idirghabhálacha agus gníomhaíochtaí ar fáil a dhíríonn ar fholláine, athléimneacht a thógáil, agus straitéisí chun déileáil leo. Cuireadh seisiúin ar fáil i réimsí spéise amhail:

### Cuireadh seisiúin ar fáil i réimsí spéise amhail:

- Forbairt Phearsanta
- Scileanna chun déileáil le deacrachtaí
- Beochan
- Podchraoladh
- Cluichí neartaithe foirne
- Ealaíona agus Ceardaíocht
- Fóillíocht

Coinníodh cumarsáid idir ETB Dhún na nGall, Foróige, Seirbhís Óige Dhún na nGall, Coláiste na Maoile Ruaidhe agus Tusla, agus cuireadh nuashonruithe rialta ar fáil. Chuir ETB Dhún na nGall tuairiscí ar fáil don Roinn Oideachais agus Scileanna fosta.

## Aonach FET

D'eagraigh an tSeirbhís Treorach agus Faisnéise d'Aosaigh Aonach FET ar an 23-24 Samhain; ba é sin an chéad cheann le trí bliana mar gheall ar phaindéim COVID-19. Chuir an tAonach Breisoideachais agus Oiliúna soláthar Breisoideachais agus Oiliúna ETB Dhún na nGall do gach clár chun cinn. Ócáid tráthnóna a bhí sa chéad lá le fócas ar roghanna FET do lucht fágála scoile; bhí roinnt mhaith daoine i láthair, idir lucht fágála scoile agus a dtuismitheoirí agus a gcaomhnóirí. Léirigh an dara lá den ócáid an réimse deiseanna san earnáil FET don phobal i gcoitinne, do mhic léinn fhéideartha agus do mhic léinn reatha.

## Rialachas na Scéime UBU

Déanann cur i bhfeidhm ról rialachais lárleibhéil ETB Dhún na nGall monatóireacht ar sheachadadh na seirbhísí mar atá leagtha amach i Riachtanas Seirbhíse agus Foirm Iarratais UBU lena n-áirítear an dóigh a n-úsáidtear an maoiniú. Forbraíodh an Creat Maoirseachta agus Rannpháirtíochta Feidhmíochta le faisnéis a bhailiú go comhsheasmhach ar fud na hEarnála Óige agus bonn fianaise a fhorbairt a léiríonn na tionchair dhearfacha ar shaol daoine óga. Áirítear leis sin cruinnithe Pleanála agus Athbhreithnithe ar Dhul Chun Cinn le heagraíochtaí maoinithe chun dul chun cinn, saincheisteanna a thagann chun cinn agus riachtanais phleanála amach anseo a phlé. Ceanglaítear ar eagraíochtaí maoinithe tuarascálacha bliantúla ar dhul chun cinn a chomhlánú do Scéimeanna UBU D'Áit Do Spás agus d'Ionad Eolais don Aos Óg. Tá an tuarascáil ar dhul chun cinn dírithe ar an mhéid a ceadaíodh sa phróiseas iarratais agus ar an mhéid a tharla le linn na bliana maoinithe, a bhaineann leis na torthaí forbartha pearsanta agus sóisialta. Ní mór aghaidh a thabhairt fosta ar réimsí eile amhail faisnéis airgeadais agus socruithe rialachais.





## Tacaíocht d'Fhorbairt na hOibre Ógra - Comhpháirtíocht agus Comhoibriú

- Coiste Seirbhísí Leanaí agus Daoine Óga Dhún na nGall (CYPSC) - Tá ionadaíocht ag ETB Dhún na nGall, mar aon le gníomhaireachtaí stáit comhpháirtíochta agus grúpaí pobail, ar an Choiste seo a oibríonn ar bhonn comhoibritheach chun freagairt do riachtanais daoine óga.
- Seirbhís Tacaíochta Óige BOOÉ - Cuirtear tacaíocht ar fáil do Sheirbhís Forbartha Oibre Ógra ETB Dhún na nGall agus don Ghrúpa Comhordaithe/Bainistíochta maidir le rolladh amach na bhfreagrachtaí agus na bpróiseas gaolmhar go léir.
- Líonra Obair Óige BOOÉ - Faoi chomhchathaoirleacht Stiúrthóirí Scoileanna ETB agus FET a dhéanann ionadaíocht ar Bhoird Oideachais agus Oiliúna (ETBanna) i leith feidhmeanna oibre ógra mar atá leagtha amach faoin Acht um Boird Oideachais agus Oiliúna, 2013, m.sh. fócas níos fadtéarmaí mar thacaíocht do sholáthar Club Óige faoi stiúir oibrithe deonacha.
- Coiste Oibre Ógra ETB Dhún na nGall - oibríonn páirtithe leasmhara i gcomhar le chéile, trí chumarsáid agus trí chomhoibriú chun seirbhísí agus tacaíocht níos éifeachtaí a bhaint amach do dhaoine óga ar fud an chontae.

## Oideachas maidir le Drugaí agus Alcól

Is tionscadal comhpháirtíochta bunaithe é Oiliúint agus Oideachas maidir le hAlcól agus Drugaí eile i Réigiún an Iarthuaiscirt, a oibríonn go príomha le Tascfhórsa Réigiúnach Drugaí agus Alcóil an Iarthuaiscirt chomh maith le páirtithe leasmhara eile mar OTA, CYPSC, FSS, Tusla, Fóram Alcóil na hÉireann agus clár oiliúna Náisiúnta Andúile.

Chuir an clár forbairt, dearadh agus seachadadh oiliúna agus oideachais i réimse an alcóil agus drugaí eile ar fáil do réimse leathan gairmithe ó dhisciplíní éagsúla a thugann aghaidh ar shaincheisteanna drugaí agus alcóil mar chuid dá gcuid oibre. I measc na ndisciplíní a bhain leas as oiliúint bhí seirbhísí leighis, seirbhísí meabhairshláinte, seirbhísí idirghabhála síceolaíochta, seirbhísí andúile, seirbhísí leanaí agus teaghlaigh, cúram sóisialta agus sláinte, seirbhísí ceartais choiriúil, seirbhísí oideachais agus an earnáil pobail agus dheonach. Tairgeann an clár oiliúint dheimhnithe, gearrchúrsaí (leathlá nó lá iomlán) agus seisiúin uasoiliúna atá oscailte do chách, chomh maith le hoiliúint shaincheaptha do dhisciplíní ar iarratas. Tá sciar ard den oiliúint a chuirtear ar fáil saor in aisce agus inrochtana ar líne chun uileghabhálacht a chinntiú. Áiríodh leis na seisiúin oiliúna a cuireadh ar fáil: daoine fásta ag téarnamh ó andúil, daoine fásta ón bheochlár agus daoine fásta ó phobail mhionlaigh. Mar chuid den chlár cuireadh seisiúin faisnéise ar fáil fosta do dhaoine óga agus díríodh ar úsáid a chosc, ar dhí-ardú úsáide agus ar na díobhálacha a bhaineann le húsáid substaintí. Bhí cur chuige laghdaithe díobhála mar bhonn agus mar thaca ag na seisiúin sin agus chuir siad príomhfhíricí i láthair chun eolas agus feasacht a mhéadú agus miotais drugaí a dhíchur, agus ar an dóigh sin roghanna agus iarmhairtí a bhaineann le húsáid drugaí a shoiléiriú.

**ETB Dhún na nGall** Tuarascáil Bhliantúil 2022
An fhoghlaim a athrú ó bhonn — saol na ndaoine a athrú

# Tosaíocht 2

**Forbróidh muid tuilleadh nasc le comhpháirtithe náisiúnta agus idirnáisiúnta le cuidiú le Dún na nGall a bheith ina áit iontach le foghlaim, le maireachtáil agus le bheith ag obair ann.**

## Tá Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt (NWTEC) mar thoradh ar bhlianta comhoibrithe rathúla idir na ceithre sholáthraí san earnáil oideachais sa réigiún: ETB Dhún na nGall, OTA, Ollscoil Uladh (Campas Mhig Aoidh) agus NWRC.



### Comhpháirtíochtaí Trasteorann

**Is é aidhm an chomhoibrithe trasteorann rochtain ar ardoideachas agus breisoideachas agus oiliúint a fheabhsú do mhic léinn a bhfuil cónaí orthu i nDún na nGall agus i Réigiún an Iarthuaiscirt agus deiseanna oideachais agus forbartha eacnamaíochta níos fearr a bhaint amach do gach duine a bhfuil cónaí orthu sa réigiún.**

Lean an bhraisle ag teacht le chéile le linn 2022 agus bhain sí leas as Oifigigh Thionscadail a chur leis na ceithre chomhpháirtí a d'oibrigh le chéile chun aidhmeanna agus cuspóirí na braisle a chur chun cinn. I measc phríomhghnéithe na hoibre bhí iarratais ar mhaoiniú a fhorbairt, cruinnithe Bhord an Tionscail Chliste agus Comhdháil an Iarthuaiscirt Chliste in OTA (Leitir Ceanainn) ar an 7 Deireadh Fómhair 2022 leis an téama Réigiún Deiseanna. Labhair an tAire Simon Harris leis an daoine a bhí i láthair agus phléigh roinnt painéal, lena n-áirítear ár PF Anne McHugh, acmhainneacht an réigiúin. Ba é David McWilliams, eacnamaí agus údar an príomhchainteoir agus ba é iarchraoltóir RTÉ Tommie Gorman a bhí ag feidhmiú mar mhodhnóir.

Is grúpa trasteorann é Líonra Limistéar Teorann Láir na hÉireann (ICBAN) a bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí comhchosúla aige le NWTEC. Tá ETB Dhún na nGall ina bhall agus, in éineacht le comhpháirtithe eile, bhí roinnt cruinnithe aige le linn 2022 faoi roinnt príomhthéamaí forbartha réigiúnacha as a dtagann iarratais PeacePlus agus Oileán Comhroinnte. Is iad seo a leanas na comhpháirtithe in ICBAN: ETB Mhaigh Eo Shligigh agus Liatroma, ETB an Chabháin agus Mhuineacháin, OTA (Sligeach), Coláiste Réigiúnach an Deiscirt, Coláiste an Iardheiscirt agus na Comhairlí cuí ó thuaidh agus ó dheas den teorainn.

### Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh

Ar an 1 Aibreán, díscaoileadh Institiúid Teicneolaíochta na Gaillimhe - Mhaigh Eo, Institiúid Teicneolaíochta Leitir Ceanainn agus Institiúid Teicneolaíochta Shligigh agus rinneadh OTA díobh. Ócáid stairiúil a bhí ann a chruthaigh ollscoil i nDún na nGall den chéad uair. Cheap an tAire Harris FP Anne McHugh le bheith ar an Bhord Rialaithe tionscnaimh agus d'fhreastail sí ar an chéad chruinniú den Bhord Rialaithe in OTA Leitir Ceanainn ar an 1 Aibreán 2022.

### Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall

Bhí bliain rathúil ag seirbhís ceoil ETB Dhún na nGall, Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall (DMEP) in 2022 ar fud a phríomhréimsí cláir. Bliain atógála a bhí ann i dtéarmaí a ghrúpaí taibhiúcháin; bhí cúig ensemble gníomhach.

1. **Clár Teagaisc**
   Ar an chlár teagaisc bhí:
   - 29 teagascóir páirtaimseartha
   - 59 amchlár
   - 440 mac léinn
   - 12 ionad ar fud Dhún na nGall

   Reáchtáladh na ranganna ceoil cúig oíche sa tseachtain agus ar an Satharn fosta, ó Bhéal Átha Seanaidh go Bun an Phobail go Gaoth Dobhair.

2. **Taibhghrúpaí**
   Bhí cúig ghrúpa léirithe DMEP gníomhach i rith na bliana:
   - Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall
   - Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall
   - Téaduirlisí Sóisearacha Dhún na nGall
   - *Ensemble* Dordveidhle Dhún na nGall
   - Cór Óige Dhún na nGall

3. **Imeachtaí**
   Nuair a cuireadh deireadh le srianta COVID-19 in earrach 2022, d'athbhunaigh DMEP a ghnáthchlár gnóthach imeachtaí. I measc na mbuaicphointí bhí:
   - An chéad taibhiú domhanda de 'Colmcille, Dove of Peace' le Vincent Kennedy, coimisiún ó Chomhairle Contae Dhún na nGall i gcomhar le DMEP, le tacaíocht ó Éire Ildánach. I ndiaidh é a chur siar in 2021, tionóladh an chéad taibhiú in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn ar an 15 Márta agus sheas na céadta daoine agus thug bualadh bos do na taibheoirí.
   - Bhí Ceolfhoireann Óige Dhún na nGall, Cór Óige Dhún na nGall agus aoichainteoirí ar ais in Amharclann an Ghrianáin don dara léiriú de 'Colmcille, Dove of Peace' i mí Iúil. Ba í an cheolchoirm dheiridh d'Fhéile Ealaíne an Earagail í; bhí lucht féachana mór ann agus bhí siad iontach go deo sásta léi arís.

   I measc na n-imeachtaí eile in 2022 bhí:
   - Cuireadh ceolchoirm do mhic léinn DMEP i láthair ag an Ionad Cultúrtha Réigiúnach i Leitir Ceanainn i mí na Bealtaine.
   - Turas thart ar scoileanna do Théaduirlisí Sóisearacha Dhún na nGall i mí an Mheithimh.
   - Bhí Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Cór Dhomhnaigh i mbun ceolchoirme i gCarn Domhnach ag bailiú airgid d'íospartaigh thragóid an Chraoslaigh i mí Dheireadh Fómhair.
   - Sheinn Téada Sóisearacha Dhún na nGall le haonréadaí ó Cheoldráma Náisiúnta na hÉireann roimh léiriú an INO de 'Don Pasquale' in Amharclann an Ghrianáin i Leitir Ceanainn i mí na Samhna.
   - Bhí roinnt mhaith daoine i láthair ag sraith 'Ceolchoirmeacha i gConbháil' ar an Domhnach ag Séipéal Chonbhála i Leitir Ceanainn ina raibh Ceolfhoireann Aireagail Dhún na nGall agus Téaduirlisí Sóisearacha Dhún na nGall le cloisteáil.
   - Ceardlanna 'Befriending Performance Anxiety' leis an phianódóir Xenia Pestova Bennett do dhaltaí ceoil i scoileanna i Leitir Ceanainn agus i mBaile na nGallóglach (i gcomhar le Líonra Ceoil).

## Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall ar lean

Ar chlár gnóthach Nollag 2022 bhí ceolchoirm Nollag DMEP in Amharclann an Ghrianáin, Leitir Ceanainn; ceolchoirm de chuid Cheolfhoireann Aireagail Dhún na nGall i dTeach Chnoc na Carraige, Leitir Ceanainn; Cór Óige Dhún na nGall i gcomhar le cór Ollscoil Uladh i gCill Chluainín; agus dhá cheolchoirm do mhic léinn na Nollag.

**4. Clár Ucailéile**

D'éirigh go hiontach leis sin mar is gnách. De réir mar a tháinig deireadh le 2022, bhí os cionn fiche scoil páirteach ó Bhéal Átha Seanaidh go Dún Fionnachaidh, agus bhí níos mó ná ocht gcéad duine óg ag seinm a n-ucailéilí féin.

**5. Ag Obair le Comhpháirtithe**

In 2022 lean DMEP ag déanamh obair shuntasach le heagraíochtaí comhpháirtíochta i nDún na nGall agus in áiteanna eile. I measc cuid de na samplaí tá:

— Comhairle Contae Dhún na nGall – D'oibrigh DMEP le Comhairle Contae Dhún na nGall agus Éire Ildánach ar choimisiún Vincent Kennedy chun ceiliúradh Cholmcille 1500 a cheiliúradh.
— Cumann Ceolfhoirne Óige na hÉireann – Lean Bainisteoir DMEP Martin McGinley lena théarma mar chomhalta den Bhord agus den Choiste Rialachais.
— Scoil Cheoil Dhún na nGall – Thug DMEP urraíocht do dheich n-áit i mí Iúil.
— Cumann Ceoil Aireagail Dhún na nGall – Chuidigh DMEP le ceolchoirmeacha agus le himeachtaí a chur chun cinn.
— Féile Ealaíne an Earagail – D'eagraigh DMEP an cheolchoirm deiridh in Amharclann an Ghrianáin i mí Iúil.
— Cairdeas na bhFidléirí – Thosaigh DMEP Cairdeas le clár fidle i scoileanna in oirthear Dhún na nGall. I mí na Nollag cuireadh tús le clár teagaisc ag an chéad scoil, Scoil Náisiúnta Naomh Baithin, Baile Suingean agus tá sé beartaithe go rachaidh scoileanna eile isteach go luath in 2023.
— *Music Generation* – D'fhreastail Bainisteoir DMEP Martin McGinley ar chruinnithe *Music Generation.*



**Meabhrán Tuisceana le hÚdarás na Gaeltachta**

In 2022 shínigh Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta Meabhrán Tuisceana cúig bliana chun caidreamh a fhorbairt trína n-aithníonn an dá pháirtí a chéile mar eagraíochtaí comhpháirtíochta a rachaidh chun leasa an dá eagraíocht agus do Chontae Dhún na nGall agus do réigiún an Iarthuaiscirt.

# Tógann sé ar stair chomhoibrithe agus ar chomhpháirtíocht bhunaithe idir an dá eagraíocht a bhí tairbheach don dá eagraíocht agus atá ag teacht le beartas an Rialtais maidir le forbairt réigiúnach agus cur chun cinn agus caomhnú na Gaeilge.



# Giorrúcháin

**Tuismitheoir** – Tagraíonn sé do thuismitheoir nó do chaomhnóir
**Mac léinn** – tagraíonn sé/sí do mhac léinn/d'fhoghlaimeoir

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| OOA | Oifigeach Oideachais Aosaigh |
| ALL | Litearthacht do Dhaoine Fásta ar Feadh an tSaoil |
| ARC | An Coiste um Iniúchóireacht agus Measúnú Riosca |
| OTA | Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh |
| BBC | Corparáid Craolacháin na Breataine |
| BITC | Gnó sa Phobal in Éirinn |
| BTEI | An Tionscnamh um Fhilleadh ar an Oideachas |
| C&AG | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste |
| PF | Príomhfheidhmeannach |
| CL | Imlitir/Ciorclán |
| CLR | Comhairleoir |
| CoP | Pobal Cleachtais |
| FGL | Forbairt Ghairmiúil Leanúnach |
| CSWIP | Scéim Deimhniúcháin do Phearsanra |
| CYPSC | An  Coiste um Seirbhísí do Leanaí agus do Dhaoine Óga |
| RLCMLÓ | An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige |
| RO | An Roinn Oideachais |
| DEIS | Comhionannas Deiseanna a Sheachadadh i Scoileanna |
| DFHERIS | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíocht |
| DMEP | Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Dhún na nGall |
| EDI | Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú |
| ESBS | Seirbhísí Gnó Comhroinnte Oideachais |
| CSTE | Ciste Sóisialta na hEorpa |





| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| BCTE | Béarla do Chainteoirí Teangacha Eile |
| ETB | Bord Oideachais agus Oiliúna |
| BOOÉ | Boird Oideachais agus Oiliúna na hÉireann |
| FET | Breisoideachas agus Oiliúint |
| AD | Acmhainní Daonna |
| FSS | Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte |
| IAU | Aonad Iniúchóireachta Inmheánaí |
| IBEC | Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann |
| CITR | Ceadúnas Idirnáisiúnta Tiomána Ríomhairí |
| TFC | Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide |
| GFT | An Ghníomhaireacht Forbartha Tionscail |
| ILM | Institiúid Ceannaireachta agus Bainistíochta |
| ICBAN | Líonra Limistéar Teorann Láir na hÉireann |
| TF | Teicneolaíocht Faisnéise |
| LEO | Oifig Fiontair Áitiúil |
| NAPD | Cumann Náisiúnta na bPríomhoidí agus na bPríomhoidí Tánaisteacha |
| NESE | An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta |
| NDA | An tÚdarás Náisiúnta Míchumais |
| NFQ | An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí |
| NGB | Comhlachtaí Náisiúnta Rialaithe |
| NWTEC | Braisle Oideachais Threasaigh an Iarthuaiscirt |
| NWRC | Coláiste Réigiúnach an Iarthuaiscirt |
| OETC | Ionad Oideachais agus Oiliúna Allamuigh |

| Téarma | Sainmhíniú |
|---|---|
| OSD | Tacaíocht agus Forbairt Eagraíochta |
| PLC | Cúrsa Iar-Ardteistiméireachta |
| PLD | Foghlaim agus Forbairt Ghairmiúil |
| PLSS | Córas Tacaíochta Foghlaimeoirí an Chláir |
| DC | Dearbhú Cáilíochta |
| QQI | Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann |
| REALT | Foirne Réigiúnacha Oideachais agus Teanga |
| RPL | Aitheantas Réamhfhoghlama |
| RTE | Raidió Teilifís Éireann |
| SOC/SIEM | Ionad Oibríochtaí Slándála/Bainistíocht Teagmhais Slándála |
| TSSS | Ag Tacú le Soláthar Sábháilte Scolaíochta |
| ETIM | Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic |
| TEL | Foghlaim le Cuidiú Teicneolaíochta |
| TG4 | Teilifís na Gaeilge |
| VCCSE | Inniúlachtaí Fhostaithe na hEarnála Cúraim a Bhailíochtú |
| SDOG | Scéim Deiseanna Oiliúna Gairmoideachais |
| WSET | Iontaobhas Oideachais um Fhíon agus Biotáille |

# Déan teagmháil linn

Design © Donegal ETB 2023

**Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall**

--

Oifigí Riaracháin ETB
Ard Uí Dhónaill
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall, F92 DP98

**Guthán:** 074 9161600
**Ríomhphost:** eolas@donegaletb.ie

**www.donegaletb.ie**

#CéimChunTosaighle**ETBDhúnnanGall**

Bord Oideachais agus Oiliúna Dhún na nGall
*Donegal Education and Training Board*